RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2237 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Nollaig 2021

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le hoibríochtaí uile-aimsire agus maidir le hoiliúint agus seiceáil na foirne eitilte

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 2111/2005, (CE) Uimh. 1008/2008, (AE) Uimh. 996/2010, (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoracha 2014/30/AE agus 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 552/2004 agus (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagail 23(1), 27(1) agus 31 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart do na hoibreoirí agus don phearsanra atá rannpháirteach in oibriú na n-aerárthaí, chomh maith leis na húdaráis inniúla náisiúnta, na ceanglais fhíor-riachtanacha ábhartha maidir le hoibríochtaí aeir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/1139 a chomhlíonadh.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hoibríochtaí aeir. Ba cheart na rialacha atá ann cheana lena rialaítear oibríochtaí uile-aimsire a thabhairt cothrom le dáta chun a áirithiú go léiríonn siad an dul chun cinn teicneolaíochta a rinneadh le déanaí i gcórais nua ar bord agus na dea-chleachtais i réimse na n-oibríochtaí aeir.

(3) Chun ardleibhéal sábháilteachta san eitlíocht shibhialta a áirithiú san Aontas, is gá aghaidh a thabhairt ar oibríochtaí uile-aimsire sna réimsí eitlíochta ábhartha uile, lena n-áirítear aeracmhainneacht tosaigh, oibríochtaí aeir, ceadúnú na foirne eitilte agus aeradróim agus taithí eitlíochta ar fud an domhain, agus dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil in oibríochtaí aeir á gcur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart go bhfeabhsófaí comhchuibhiú a bhuí le ceanglais Údarás Feidearálach Eitlíochta na Stát Aontaithe agus go gcuirfí san áireamh i ndlí an Aontais a mhéid is féidir na leasuithe is déanaí ar na caighdeáin arna nglacadh ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), eadhon Iarscríbhinn 6 ICAO, Cuid I (11ú heagrán), Cuid II (10ú heagrán) agus Cuid III (naoú heagrán), maidir le hoibríochtaí uile-aimsire agus téarmaíocht ascnaimh uirlisí.

(4) Ina theannta sin, ba cheart oibríochtaí héileacaptair atá sábháilte faoi na rialacha um eitilt de réir uirlisí (IFR) a chumasú, lena n-áirítear úsáid ascnamh agus imeachtaí pointe-i-spás. Go dtí seo, bhí oibríochtaí héileacaptair ar siúl go bunúsach faoi rialacha amharc eitilte, agus rinneadh tuilleadh forbartha ar rialacha oibriúcháin héileacaptair dá bhrí sin. Tá ascnaimh agus imeachtaí pointe-i-spás nua maidir le héileacaptair, chomh maith le bealaí héileacaptair íseal-leibhéil, ar fáil faoi láthair, áfach, rud a fhágann gur féidir leis na héileacaptair eitilt faoi IFR. Ba cheart, dá bhrí sin, na rialacha oibriúcháin a athrú dá réir.

(5) Chun sábháilteacht a fheabhsú ar bhealach atá costéifeachtach, ba cheart ceanglais nua oiliúna i dtaca le hoibríochtaí speisialaithe, le hoibríochtaí ilphíolóta le héileacaptair, le húsáid níos mó ionsamhlóirí agus le héagsúlacht níos mó idir imeachtaí a úsáidtear in oiliúint a leagan amach mar aon le seiceáil ar aeriompar tráchtála héileacaptair.

(6) Ba cheart do na rialacha nua a bheith feidhmíochtbhunaithe agus rioscabhunaithe, ionas go mbeidh siad athléimneach ó thaobh dul chun cinn leanúnach na teicneolaíochta de. Níor cheart dóibh a bheith spleách ar an teicneolaíocht agus d'fhéadfadh sé go bhfreastalóidís ar athruithe amach anseo, agus sheachnóidís spleáchas ar réitigh theicneolaíocha ar leith ar an gcaoi sin.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2016/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

(7) Leis na rialacha nua, ba cheart go mbeifí in ann gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach bunaithe ar dhul chun cinn teicneolaíoch agus úsáid oibríochtúil teicneolaíochtaí nua ar ardleibhéal amhail córais fheabhsaithe radhairc eitilte, chomh maith le cur i bhfeidhm roinnt nósanna imeachta oibríochtúla ardleibhéil nua a thacaíonn le hoibríochtaí uile-aimsire. Ba cheart úsáid uirlisí oiliúna nuálacha a lorg freisin chun críche oiliúint agus seiceáil na foirne eitilte.

(8) Ba cheart na rialacha nua maidir le hoibríochtaí uile-aimsire agus oiliúint agus seiceáil na foirne eitilte a bheith ina gcuidiú chun cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh gach gníomhaí i margadh inmheánach eitlíochta an Aontais agus feabhas a chur ar iomaíochas thionscal eitlíochta an Aontais.

(9) Ba cheart íoschoinníollacha oibriúcháin an aeradróim a ailíniú a mhéid is féidir idir oibríochtaí aeriompair tráchtála, oibríochtaí neamhthráchtála le haerárthaí atá á gcumhachtú le mótair choimpléascacha agus oibríochtaí speisialaithe. Ba cheart na ceanglais maidir le hoibríochtaí uile-aimsire le haghaidh oibríochtaí neamhthráchtála le haerárthaí eile nach aerárthaí atá á gcumhachtú le mótair choimpléascacha iad a shimpliú chun úsáid rialacha um eitilt de réir uirlisí a dhreasú.

(10) Bunaithe ar thaithí oibríochtúil agus i bhfianaise chineál na n-oibríochtaí agus na rioscaí níos ísle atá i gceist, ba cheart roinnt laghduithe ar riachtanais oiliúna agus seiceála na foirne eitilte, nach raibh ar fáil roimhe sin ach amháin i gcomhair aeriompair tráchtála, a leathnú chuig oibríochtaí speisialaithe agus oibríochtaí neamhthráchtála le haerárthaí atá á gcumhachtú le mótair choimpléascacha. Is léir ó fhorbairtí oibríochtúla gur féidir an leibhéal sábháilteachta is gá a choinneáil ar bun agus ceanglais nach bhfuil chomh dian céanna agus atá níos solúbtha i bhfeidhm. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart solúbthacht mhéadaithe maidir le hoibríochtaí le cineálacha nó athraitheacha éagsúla aerárthaí a bheith ann d'oibreoirí beaga héileacaptair. Maidir le cineálacha héileacaptair bheaga shimplí aon innill a oibríonn ar an gcaoi chéanna faoi ghnáthdhálaí nó faoi dhálaí éigeandála, ba cheart dóibh tairbhe a bhaint as roinnt de na simplithe atá ar fáil faoi láthair laistigh de rátáil aicme eitleáin.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 a leasú dá réir chun na ceanglais fhíor-riachtanacha le haghaidh oibríochtaí aeir atá in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139 a chur chun feidhme ina n-iomláine.

(12) Tá dréachtrialacha cur chun feidhme ullmhaithe ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh agus chuir sí faoi bhráid an Choimisiúin iad i dTuairim Uimh. 2/2021 ([3]) i gcomhréir le hAirteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 965/2012

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(iv):

"(iv) oibríochtaí faoi dhálaí drochléargais nó oibríochtaí lena mbaineann creidmheasanna oibríochtúla;";

(2) Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, IV, V, VI, VII agus VIII i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Dáta theacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 30 Deireadh Fómhair 2022.

([3]) https://www.easa.europa.eu/document-library/opinions

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Nollaig 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III, IV, V, VI, VII agus VIII ar Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe (6) seo a leanas isteach:

"(6) ciallaíonn 'íosdálaí oibriúcháin aeradróim' na teorainneacha ar inúsáideacht aeradróim maidir leis an méid seo a leanas:

(a) éirí de thalamh, arna shloinneadh i dtéarmaí raon radhairc an rúidbhealaigh (RVR) agus/nó léargais agus, más gá, síleála;

(b) tuirlingt in oibríochtaí ascnaimh uirlisí 2D, arna sloinneadh i dtéarmaí léargais agus/nó RVR, íosairde ísliúcháin os cionn na mara/os cionn na talún (MDA/H) agus, más gá, síleála

(c) tuirlingt in oibríochtaí ascnaimh uirlisí 3D, arna sloinneadh i dtéarmaí léargais agus/nó RVR agus airde os cionn na mara/os cionn na talún tráth cinnidh (DA/H) de réir mar is iomchuí le haghaidh chineál agus/nó chatagóir na hoibríochta";

(b) scriostar pointe (11);

(c) scriostar pointí (13) go (16);

(d) cuirtear an pointe (18 a) seo a leanas isteach:

"(18a) ciallaíonn 'síleáil' airde os cionn na talún nó an uisce ó bhun na sraithe is ísle scamaill níos ísle ná 6 000 m (20 000 troigh) a chlúdaíonn níos mó ná leath na spéire;";

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (20):

"(20) ciallaíonn 'ciorclú' an chéim amhairc i gcás oibríocht ascnaimh ciorclaithe;";

(f) cuirtear an pointe (20 a) seo a leanas isteach:

"(20a) ciallaíonn 'oibríocht ascnaimh chiorclaithe' oibríocht ascnaimh uirlisí de Chineál A chun aerárthach a thabhairt ina áit cheart le haghaidh tuirlingthe ar rúidbhealach/ar limistéar ascnaimh deiridh agus éirí de thalamh (FATO) nach bhfuil in áit oiriúnach le haghaidh ascnamh díreach;";

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (27):

"(27) ciallaíonn "ísliú leanúnach an ascnaimh deiridh (CDFA)" teicníc, i gcomhréir le nósanna imeachta ascnaimh chobhsaithe, chun deighleog an ascnaimh deiridh (FAS) le linn nós imeachta ascnaimh neamhbheacht (NPA) a eitilt mar ísliú leanúnach, gan dul ar an gcothrom, ó airde os cionn na mara/os cionn na talún ag an ascnamh deiridh nó os a chionn:

(a) i gcás oibríochtaí an ascnaimh dhírigh, chomh fada le pointe tuairim is 15 m (50 troigh) os cionn thairseach an rúidbhealaigh tuirlingthe nó leis an bpointe ag a dtosaíonn an ionramháil bladhma; nó

(b) le haghaidh oibríochtaí ascnaimh ciorclaithe, go dtí go mbainfear MDA/H nó airde ionramhála amhairc os cionn na mara/os cionn na talún;";

(h) cuirtear an pointe (35 a) seo a leanas isteach:

"(35a) ciallaíonn 'airde os cionn na mara tráth cinnidh (DA) nó airde os cionn na talún tráth cinnidh (DH)' airde shonraithe os cionn na mara nó os cionn na talún in oibríocht ascnaimh uirlisí 3D inar gá nós imeachta ascnaimh iomraill a thionscnamh mura suíodh an amharcthagairt is gá chun leanúint leis an ascnamh;";

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (46):

"(46) ciallaíonn 'córas radhairc eitilte feabhsaithe (EFVS)' modh leictreonach chun taispeáint fhíor-ama den topagrafaíocht sheachtrach a fhaightear ó bhraiteoir nó atá feabhsaithe (gnéithe nádúrtha nó gnéithe d'áit nó de cheantar atá de dhéantús an duine nó de réigiún, go háirithe ar bhealach ina dtaispeántar a n-ionaid choibhneasta agus a n-airde) a chur ar fáil don fhoireann eitilte trí úsáid a bhaint as braiteoirí íomháithe; déantar EFVS a chomhtháthú le córas treorach eitilte agus cuirtear i bhfeidhm é ar thaispeáint cheannard nó ar chóras taispeána coibhéiseach; má dheimhnítear EFVS i gcomhréir leis na ceanglais aerfhiúntais is infheidhme agus má tá an formheas sonrach is gá ag oibreoir (nuair a cheanglaítear sin), féadfar é a úsáid le haghaidh oibríochtaí EFVS agus féadfaidh sé oibríochtaí lena mbaineann creidmheasanna oibríochtúla a cheadú;";

(j) cuirtear na pointí (46 a) agus (46b) seo a leanas isteach:

"(46a) ciallaíonn 'oibríocht EFVS' oibríocht inar gá EFVS a úsáid i ndálaí léargais in ionad radharc nádúrtha chun ascnamh nó tuirlingt a dhéanamh, chun na hamharcthagairtí is gá a shainaithint nó chun luasmhoilliú a dhéanamh;

(46b) ciallaíonn 'oibríocht EFVS 200' lena mbaineann creidmheas oibríochtúil inar gá, mar gheall ar dhálaí léargais, EFVS a úsáid chomh híseal le 200 troigh os cionn thairseach FATO nó thairseach an rúidbhealaigh. Ón bpointe sin chomh fada leis an talamh, úsáidtear radharc cinn. Ní bheidh an RVR níos lú ná 550 m;";

(k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (47):

"(47) ciallaíonn 'córas radhairc feabhsaithe (EVS)' modh leictreonach chun íomhá fíor-ama de thopagrafaíocht iarbhír an radhairc sheachtraigh (gnéithe nádúrtha nó gnéithe d'áit nó de cheantar atá de dhéantús an duine nó de réigiún, go háirithe ar bhealach ina dtaispeántar a n-ionaid choibhneasta agus a n-airde) a chur ar fáil don fhoireann eitilte trí úsáid a bhaint as braiteoirí íomháithe;";

(l) cuirtear an pointe (48b) seo a leanas isteach:

"(48b) ciallaíonn 'deighleog an ascnaimh dheiridh (FAS)' an deighleog sin de nós imeachta ascnaimh uirlisí (IAP) ina ndéantar an t-ailíniú agus an t-ísliú go talamh;";

(m) cuirtear an pointe (52 a) seo a leanas isteach:

"(52a) ciallaíonn 'dul timpeall' aistriú ó oibríocht ascnaimh go hardú cobhsaithe. Áirítear leis sin ainlithe a dhéantar ag an MDA/H nó ag an DA/H, nó os a gcionn, nó faoi bhun an DA/H (tuirlingtí dallaithe);";

(n) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (55):

"(55) ciallaíonn 'córas tuirlingthe um thaispeáint cheannard (HUDLS)' an córas iomlán ar eite a chuireann treoir cheannard ar fáil don phíolóta chun gur féidir leis an bpíolóta an t-aerárthach a rialú nó faireachán a dhéanamh ar an uathphíolóta le linn éirí de thalamh (más infheidhme), ascnaimh agus tuirlingthe (agus le linn don aerárthach a bheith á luasmhoilliú, más infheidhme), nó dul timpeall. Áirítear ann na braiteoirí, na ríomhairí, na soláthairtí cumhachta, na tásca agus na rialuithe go léir;";

(o) scriostar pointe (56);

(p) cuirtear isteach na pointí (69d) agus (69e) seo a leanas:

"(69d) ciallaíonn 'oibríocht ascnaimh uirlisí' ascnamh agus tuirlingt ina n-úsáidtear ionstraimí le haghaidh treoraíocht loingseoireachta bunaithe ar nós imeachta ascnaimh uirlisí (IAP). Tá dhá mhodh ann chun oibríochtaí ascnaimh uirlisí a fheidhmiú:

(a) oibríocht dhéthoiseach (2D) ascnaimh uirlisí, ina n-úsáidtear treoir aerloingseoireachta cliathánach amháin; agus

(b) oibríocht thríthoiseach (3D) ascnaimh uirlisí, lena n-úsáidtear treoir aerloingseoireachta chliathánach agus ingearach;

(69e) ciallaíonn 'nós imeachta ascnaimh uirlisí (IAP)' sraith ainlithe réamhchinntithe trí thagairt d'uirlisí eitilte a bhfuil cosaint shonraithe acu ó chonstaicí ó fhosadh an ascnaimh tosaigh nó, más infheidhme, ó thús bealaigh shainithe teachta go pointe ónar féidir tuirlingt dhéanamh agus ina dhiaidh sin, mura ndéantar tuirlingt, go suíomh a bhfuil feidhm ag critéir maidir le glanadh constaicí coinneála nó ag critéir maidir le glanadh constaicí faoi bhealach ann. Déantar IAPanna a aicmiú mar seo a leanas:

(a) nós imeachta ascnaimh neamhbheacht (NPA), rud a chiallaíonn IAP atá deartha le haghaidh oibríochtaí ascnaimh uirlisí 2D de Chineál A;

(b) ciallaíonn nós imeachta ascnaimh a bhfuil treoir ingearach (APV) aige IAP loingseoireachta feidhmíochtbhunaithe (PBN) atá deartha le haghaidh oibríochtaí ascnaimh uirlisí 3D de Chineál A;

(c) ciallaíonn nós imeachta ascnaimh beacht (PA) IAP atá bunaithe ar chórais loingseoireachta atá deartha le haghaidh oibríochtaí ascnaimh uirlisí 3D de Chineál A nó B;";

(q) cuirtear an pointe 72b seo a leanas isteach:

"(72b) ciallaíonn 'seiceáil líne' seiceáil a dhéanann an t-oibreoir agus a chríochnaíonn an píolóta nó an ball teicniúil den fhoireann chun inniúlacht a léiriú maidir le gnáthoibríochtaí líne a dhéanamh a bhfuil tuairisc orthu sa lámhleabhar oibríochtaí;";

(r) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (74) agus (75):

"(74) ciallaíonn 'oibríochtaí drochléargais (LVOnna) oibríochtaí ascnaimh nó éirí de thalamh ar rúidbhealach ag a bhfuil raon radhairc an rúidbhealaigh níos lú ná 550 m aige nó ag a bhfuil airde tráth cinnidh atá níos lú ná 200 troigh;

(75) ciallaíonn 'éirí de thalamh drochléargais (LVTO) éirí de thalamh ag a bhfuil RVR atá níos lú ná 550 m;";

(s) scriostar pointe (76)

(t) cuirtear an pointe (78c) seo a leanas isteach:

"(78c) ciallaíonn 'íosairde ísliúcháin os cionn na mara (MDA) nó íosairde ísliúcháin os cionn na talún (MDH)' airde shonraithe os cionn na mara nó airde shonraithe os cionn na talún in oibríocht ascnaimh uirlisí 2D nó in oibríocht ascnaimh ciorclaithe nár cheart ísliú a dhéanamh faoina bhun gan an amharcthagairt atá ceangailte;";

(u) scriostar pointe (83)

(v) cuirtear an pointe (85 a) seo a leanas isteach:

"(85a) ciallaíonn 'airde glanta constaicí os cionn na mara (OCA) nó airde glanta constaicí os cionn na talún (OCH)' an airde is ísle os cionn na mara nó an airde is ísle os cionn airde thairseach ábhartha an rúidbhealaigh nó airde an aeradróim, de réir mar is infheidhme, a úsáidtear chun comhlíonadh na gcritéar iomchuí maidir le glanadh constaicí a shuí;";

(w) cuirtear an pointe (91 a) seo a leanas isteach:

"(91a) ciallaíonn 'creidmheas oibríochtúil' creidmheas i gcomhair oibríochtaí le hardaerárthach a chumasaíonn íosdálaí oibriúcháin aeradróim níos ísle ná mar a bhunódh an t-oibreoir i gcomhair aerárthach bunúsach, ar bhonn fheidhmíocht na gcóras ardaerárthaí a bhaineann leas as an mbonneagar seachtrach atá ar fáil. Féadfaidh airde chinnidh os cionn na talún/os cionn na mara níos ísle nó íosairde os cionn na talún/os cionn na mara, ceanglais maidir le léargas laghdaithe nó saoráidí laghdaithe talún nó meascán díobh sin a bheith ar áireamh sna híosdálaí oibriúcháin laghdaithe;";

(x) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (92):

"(92) ciallaíonn 'seiceáil ar oilteacht an oibreora' seiceáil a dhéanann an t-oibreoir agus a chuireann an píolóta nó an ball teicniúil na foirne i gcrích chun inniúlacht a léiriú maidir le gnáthnósanna imeachta, nósanna imeachta neamhghnácha agus nósanna imeachta éigeandála a dhéanamh;";

(y) cuirtear pointe (120c), pointe (120d) agus pointe (120e) seo a leanas isteach:

"(120c) ciallaíonn 'oiliúint chun oilteachta' oiliúint atá deartha chun cuspóirí feidhmíochta na staide deiridh a bhaint amach, lenar féidir cinnteacht leordhóthanach a bheith ann go bhfuil an duine aonair oilte in ann tascanna sonracha a dhéanamh go comhsheasmhach ar bhealach sábháilte agus éifeachtach;

(120d) Ciallaíonn "oibríocht ascnaimh uirlisí de chineál A" oibríocht ascnaimh uirlisí le MDH nó DH ag 250 troigh nó os a chionn;

(120e) Ciallaíonn 'oibríocht ascnaimh uirlisí de chineál B' oibríocht le DH faoi bhun 250 troigh. Déantar oibríochtaí ascnaimh ionstraime de chineál B a aicmiú mar a leanas:

(a) Catagóir I (CAT I): DH nach ísle ná 200 troigh agus ag a bhfuil léargas nach ísle ná 800 m nó RVR nach lú ná 550 m;

(b) Catagóir II (CAT II): DH níos ísle ná 200 troigh ach nach ísle ná 100 troigh, agus RVR nach ísle ná 300 m;

(c) Catagóir III (CAT III): DH níos ísle ná 100 troigh nó gan DH, agus RVR níos ísle ná 300 m nó gan teorainn RVR;";

(z) cuirtear an pointe (124 a) seo a leanas isteach:

"(124a) ciallaíonn 'léargas (VIS)' léargas chun críoch aerloingseoireachta, arb é an ceann is mó é díobh seo a leanas:

(a) an fad is mó ag a bhféadfar réad dubh a bhfuil toisí oiriúnacha aige, atá suite gar don talamh, a fheiceáil agus a aithint nuair a fheictear é os comhair cúlra geal; agus

(b) an fad is mó ar féidir soilse i gcóngar 1 000 caindéile a fheiceáil agus a shainaithint os comhair cúlra neamhshoilsithe;";

(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (125) agus (126):

"(125) ciallaíonn 'oibríocht ascnaimh amhairc' oibríocht ascnaimh ag eitilt IFR nuair nach bhfuil páirt nó gach cuid de IAP curtha i gcrích agus nuair a dhéantar an oibríocht ascnaimh le hamharcthagairt don tír-raon;

(126) ciallaíonn 'aeradróm inúsáidte de réir na haimsire' aeradróm leordhóthanach ina léiríonn tuairiscí meitéareolaíocha, nó réamhaisnéisí, nó aon mheascán díobh sin, maidir le ham réamh-mheasta na húsáide, go mbeidh na dálaí meitéareolaíocha ag na híosdálaí oibriúcháin aeradróim is gá nó os a gcionn, agus ina léiríonn tuairiscí ar riocht dromchla an rúidbhealaigh go mbeidh tuirlingt shábháilte indéanta;".

(2) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Aguisín II:

"Aguisín II

SONRAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTAÍ **(faoi réir na gcoinníollacha a formheasadh sa lámhleabhar oibríochtaí)**				
Sonraí teagmhála an údaráis eisiúna Teileafón ([1]): _____; Facs: _____; Ríomhphost: _____				
AOC ([2]): Ainm an oibreora ([3]): Dáta ([4]): Síniú:				
Ainm trádála DBA Sonraíochtaí oibríochtaí #:				
An cineál aerárthaigh ([5]): Marcanna clárúcháin ([6]):				
Cineálacha oibríochtaí: Aeriompar tráchtála ☐ Paisinéirí ☐ Lasta ☐ Eile ([7]): _____				
Limistéar oibríochta ([8]):				
Teorainneacha speisialta ([9]):				
Formheasanna sonracha:	Tá	Níl	Sonraíocht ([10])	Barúlacha
Earraí contúirteacha:	☐	☐		
Oibríochtaí drochléargais Éirí de thalamh Ascnamh agus tuirlingt Creidmheasanna oibríochtúla	 ☐ ☐ ☐	 ☐ ☐ ☐	 RVR ([11]):.. m CAT ([12])…. DA/H: ft, RVR:.. m CAT ([13])….DA/H: ft, RVR:... m	
RVSM ([14]) ☐ N/A	☐	☐		
ETOPS ([15]) ☐ N/A	☐	☐	Uas-am atreoraithe ([16]): nóim.	
Sonraíochtaí casta loingseoireachta le haghaidh oibríochtaí PBN ([17])	☐	☐		([18])
Sonraíocht íosta feidhmíochta loingseoireachta	☐	☐		
Oibríochtaí eitleáin tuirbín a bhfuil inneall amháin aige le linn na hoíche nó in IMC (SET-IMC)	☐	☐	([19])	
Oibríochtaí héileacaptar le cabhair ó chórais íomháithe radhairc oíche	☐	☐		
Oibríochtaí héileacaptair ardaitheora	☐	☐		
Oibríochtaí seirbhíse éigeandála leighis héileacaptair	☐	☐		
Oibríochtaí héileacaptair amach ón gcósta	☐	☐		
Oiliúint ar an bhfoireann cábáin ([20])	☐	☐		

Eisiúint fhianú CC ([21])	☐	☐		
Úsáid feidhmchlár de chineál B EFB	☐	☐	([22])	
Aeracmhainneacht leanúnach	☐	☐	([23])	
Eile ([24])				

([1]) Sonraí teagmhála teileafóin an údaráis inniúil, lena n-áirítear an cód tíre. Ríomhphost atá le cur ar fáil chomh maith le facs má tá sé ar fáil.
([2]) Uimhir an deimhnithe aeroibreora ghaolmhair (AOC) a chur isteach.
([3]) Ainm cláraithe an oibreora agus ainm trádála an oibreora a chur isteach, murab ionann iad. "Dba" a chur isteach roimh an ainm trádála (i gcás "Gnó a dhéanamh mar").
([4]) Dáta eisiúna shonraíochtaí na n-oibríochtaí (ll-mm-bbbb) agus síniú ionadaí an údaráis inniúil.
([5]) Ainmniú ICAO de dhéanamh, de chineál agus de shraith an aerárthaigh nó den mháistirshraith, i gcás inar ainmníodh sraith (e.g. Boeing-737-3K2 nó Boeing-777-232) a chur isteach.
([6]) Liostaítear na marcanna clárúcháin sna sonraíochtaí oibríochtaí nó sa lámhleabhar oibríochtaí. Sa chás deireanach sin, ní mór tagairt a bheith sna sonraíochtaí oibríochtaí gaolmhara don leathanach gaolmhar sa lámhleabhar oibríochtaí. Sa chás nach mbaineann gach formheas sonrach le cineál an aerárthaigh, féadfar marcanna clárúcháin an aerárthaigh a iontráil i gcolún an ráitis a ghabhann leis an bhformheas sonrach gaolmhar.
([7]) Cineál eile iompair atá le sonrú (e.g. seirbhís éigeandála leighis).
([8]) Liosta den limistéar geografach/de na limistéir gheografacha ina bhfuil an oibríocht údaraithe (de réir comhordanáidí geografacha nó bealaí sonracha, réigiún faisnéise eitilte nó teorainneacha náisiúnta nó réigiúnacha).
([9]) Liosta de na teorainneacha speisialta is infheidhme (e.g. VFR amháin, Lá amháin, etc.).
([10]) Liostaigh sa cholún seo na critéir is ceadmhaí le haghaidh gach formheasa nó le haghaidh an chineáil formheasa (le critéir iomchuí).
([11]) An RVR éirí de thalamh formheasta a chur isteach i méadair. Féadfar líne amháin in aghaidh an fhormheasa a úsáid má dheonaítear ceaduithe éagsúla.
([12]) Catagóir ascnaimh bheacht is infheidhme a chur isteach: CAT II nó CAT III. RVR íosta a chur isteach i méadair agus DH i dtroithe. Úsáidtear líne amháin in aghaidh na catagóire ascnaimh liostaithe.
([13]) An creidmheas oibríochtúil is infheidhme a chur isteach: SA CAT I, SA CAT II, EFVS, etc. RVR íosta a chur isteach i méadair agus DH i dtroithe. Úsáidtear líne amháin in aghaidh an chreidmheasa oibríochtúil liostaithe.
([14]) Ní féidir an bosca "Ní bhaineann" (N/B) a sheiceáil ach amháin má tá síleáil an aerárthaigh faoi bhun FL290.
([15]) Níl feidhm ag oibríochtaí raoin leathnaithe (ETOPS) faoi láthair ach amháin maidir le haerárthaí a bhfuil dhá inneall acu. Dá bhrí sin, is féidir an bosca "Ní bhaineann" (N/B) a sheiceáil má tá níos lú ná dhá inneall ag an gcineál aerárthaigh.
([16]) Féadfar an fad tairsí a liostú freisin (in NM), chomh maith leis an gcineál innill.
([17]) Loingseoireacht fheidhmíochtbhunaithe (PBN): úsáidtear líne amháin le haghaidh gach formheas sonrach casta PBN (e.g. RNP AR APCH), agus teorainneacha iomchuí liostaithe acu sna colúin "Sonraíochtaí" nó "Barúlacha", nó sa dá cholún. Féadfar formheasanna sonracha nós imeachta RNP AR APCH a liostú sna sonraíochtaí oibríochtaí nó sa lámhleabhar oibríochtaí. Sa chás deireanach sin, ní mór tagairt a bheith sna sonraíochtaí oibríochtaí gaolmhara don leathanach gaolmhar sa lámhleabhar oibríochtaí.
([18]) Sonraigh an bhfuil an formheas sonrach teoranta do chríocha nó d'aeradróim áirithe rúidbhealaigh, nó dóibh araon.
([19]) An t-aerfhráma áirithe nó an teaglaim áirithe innill a chur isteach.
([20]) Formheas chun an cúrsa oiliúna agus an scrúdú atá le déanamh ag iarratasóirí ar fhianú na foirne cábáin a riaradh, mar a shonraítear in Iarscríbhinn V (Cuid-CC) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011.
([21]) Formheas chun fianuithe na foirne cábáin a eisiúint mar a shonraítear in Iarscríbhinn V (Cuid-CC) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011.
([22]) An liosta d'fheidhmchláir de chineál B EFB a chur isteach mar aon leis an tagairt do chrua-earraí EFB (le haghaidh EFBanna iniompartha). Tá an liosta seo i sonraíochtaí na n-oibríochtaí nó sa lámhleabhar oibríochtaí. Sa chás deireanach sin, ní mór tagairt a bheith sna sonraíochtaí oibríochtaí gaolmhara don leathanach gaolmhar sa lámhleabhar oibríochtaí.
([23]) Ainm an duine nó na heagraíochta atá freagrach as a áirithiú go gcothabhálfar aeracmhainneacht leanúnach an aerárthaigh agus tagairt don rialachán lena gceanglaítear an obair sin, i.e. Fochuid G d'Iarscríbhinn I (Cuid-M) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1321/2014.
([24]) Is féidir ceaduithe nó sonraí eile a chur isteach anseo, agus úsáid á baint as líne amháin (nó bloc il-líne amháin) in aghaidh an údaraithe (e.g. oibríochtaí tuirlingthe gearra, oibríochtaí ascnaimh ghéar, an fad tuirlingthe laghdaithe is gá, oibríochtaí héileacaptair chuig láthair a bhaineann le leas an phobail nó ón láthair sin, oibríochtaí héileacaptair os cionn timpeallacht naimhdeach atá suite lasmuigh de limistéar plódaithe, oibríochtaí héileacaptair nach bhfuil acmhainn tuirlingthe éigeantais sábháilte acu, oibríochtaí a bhfuil uillinn bhainc mhéadaithe acu, uasfhad ó aeradróm leordhóthanach le haghaidh eitleáin a bhfuil dhá inneall acu gan formheas ETO).
Foirm 139 EASA, Eagrán 7"

(3) leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) leasaítear pointe ORO.FC.100 mar a leanas:

(i) cuirtear an pointe (f) a leanas isteach:

"(f) Ceanglais shonracha maidir le hoibríochtaí héileacaptair

Má oibrítear an héileacaptar le foireann de bheirt phíolótaí, beidh ceann den dá rud seo a leanas ag gach píolóta:

(1) deimhniú gur chríochnaigh sé cúrsa comhair ilchriú (MCC) go sásúil i héileacaptair i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011; nó

(2) ar a laghad 500 uair an chloig d'am eitilte mar phíolóta in oibríochtaí ilphíolóta".;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) Le linn eitilte, féadfaidh ball eile den fhoireann eitilte atá cáilithe go hiomchuí uainíocht a dhéanamh ar bhall den fhoireann eitilte i leith a chuid dualgas ag na rialtáin".

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ORO.FC.105:

"**ORO.FC.105 Ainmniú mar phíolóta i gceannas/ceannasaí**

(a) I gcomhréir le pointe 8.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139, déanfaidh píolóta amháin i measc na foirne eitilte, a bheidh cáilithe mar phíolóta i gceannas i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid-FCL) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011, a ainmniú mar phíolóta i gceannas nó, le haghaidh oibríochtaí aeriompair tráchtála, mar cheannasaí.

(b) Ní ainmneoidh an t-oibreoir ball den fhoireann eitilte chun gníomhú mar phíolóta i gceannas/mar cheannasaí ach amháin má tá feidhm ag na nithe uile seo a leanas:

(1) go bhfuil an t-íosleibhéal taithí atá sonraithe sa lámhleabhar oibríochta ag an mball den fhoireann eitilte;

(2) go bhfuil eolas leordhóthanach ag an mball den fhoireann eitilte ar an mbealach nó ar an limistéar a bheidh le heitilt agus ar na haeradróim, lena n-áirítear aeradróim mhalartacha, saoráidí agus nósanna imeachta a bheidh le húsáid;

(3) i gcás oibríochtaí ilchriú, tá cúrsa ceannais an oibreora curtha i gcrích ag an mball den fhoireann eitilte i gcás ardú céime ó chomhphíolóta go dtí píolóta i gceannas/ceannasaí.

(c) I gcás oibríochtaí tráchtála eitleán agus héileacaptar, beidh oiliúint tosaigh taithíochta ar an mbealach nó ar an limistéar atá le heitilt agus ar na haeradróim, na saoráidí agus na nósanna imeachta atá le húsáid ag an bpíolóta atá i gceannas/ag an gceannasaí nó ag an bpíolóta ar féidir stiúradh na heitilte a tharmligean chuige agus cothabhálfaidh sé an t-eolas sin mar seo a leanas:

(1) Déanfar bailíocht eolais an aeradróim a chothabháil trí oibriú ar an aeradróm ar a laghad uair amháin laistigh de thréimhse féilire 12 mhí.

(2) Déanfar eolas faoin mbealach nó faoin limistéar a chothabháil trí oibriú ar an mbealach nó ar an limistéar uair amháin ar a laghad laistigh de thréimhse 36 mhí. Ina theannta sin, tá gá le hoiliúint athnuachana maidir le heolas ar an mbealach nó ar an limistéar mura n-oibrítear ar bhealach nó ar limistéar ar feadh 12 mhí laistigh den tréimhse 36 mhí.

(d) D'ainneoin phointe (c), i gcás oibríochtaí faoi VFR le linn an lae le heitleáin agus héileacaptair d'aicme feidhmíochta B agus C, féadfar oiliúint taithíochta ar an aerbhealach agus ar na haeradróim a chur in ionad na hoiliúna ar an aerbhealach agus ar na haeradróim.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ORO.FC.125:

"ORO.FC.125 Oiliúint maidir le difríochtaí, oiliúint taithíochta, , oiliúint maidir le trealamh agus nósanna imeachta

(a) Cuirfidh baill den fhoireann eitilte oiliúint i gcrích maidir le difríochtaí nó taithíocht nuair a cheanglaítear sin in Iarscríbhinn I (Cuid-FCL) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011.

(b) Cuirfidh baill den fhoireann eitilte oiliúint i gcrích maidir le trealamh agus nósanna imeachta nuair a athraíonn trealamh nó nuair a athraíonn nósanna imeachta lena gceanglaítear eolas breise ar chineálacha nó ar leaganacha na n-aerárthach atá á n-oibriú faoi láthair.

(c) Sonrófar sa lámhleabhar oibríochtaí cén uair a cheanglaítear an oiliúint sin maidir le difríochtaí nó taithíocht nó oiliúint maidir le trealamh agus nósanna imeachta.";

(d) i bpointe ORO.FC.130, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) Cuirfidh gach ball den fhoireann eitilte an oiliúint athfhillteach bhliantúil eitilte agus an oiliúint talún i gcrích a bhaineann le cineál nó leagan an aerárthaigh agus le trealamh gaolmhar an aerárthaigh ar a n-oibríonn sé, lena n-áirítear oiliúint maidir le suíomh agus úsáid gach trealaimh éigeandála agus sábháilteachta a iompraítear ar bord an aerárthaigh.";

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ORO.FC.140:

"ORO.FC.140 Oibríocht maidir le níos mó ná cineál nó leagan amháin aerárthaigh

(a) Baill den fhoireann eitilte a oibríonn níos mó ná cineál nó leagan amháin aerárthaigh, comhlíonfaidh siad na ceanglais a fhorordaítear san Fhochuid seo maidir le gach cineál nó leagan, ach amháin má shainmhínítear na ceanglais a bhaineann le hoiliúint, seiceáil agus taithí a fuarthas le déanaí sa chuid éigeantach de shonraí na hoiriúnachta oibríochtúla a bhunaítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 maidir leis na cineálacha nó na leaganacha ábhartha.

(b) Féadfaidh an t-oibreoir grúpaí de chineálacha héileacaptar a bhfuil inneall amháin acu a shainiú. Beidh seiceáil ar oilteacht an oibreora ar aon chineál amháin bailí i gcás gach cineál eile laistigh den ghrúpa má chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(1) nach n-áirítear sa ghrúpa ach héileacaptair a bhfuil inneall amháin acu a oibrítear faoi VFR nó nach n-áirítear ann ach héileacaptair loine a bhfuil inneall amháin acu a oibrítear faoi VFR;

(2) i gcás oibríochtaí CAT, go ndéanfar ar a laghad dhá sheiceáil ar oilteacht an oibreora in aghaidh an chineáil laistigh de thimthriall 3 bliana.

(c) I gcás oibríochtaí speisialaithe, féadfar eilimintí d'oiliúint an aerárthaigh/FSTD agus seiceáil ar oilteacht an oibreora a chumhdaíonn na gnéithe ábhartha a bhaineann leis an sainchúram agus nach mbaineann leis an gcineál nó grúpa cineálacha a bhféadfaí creidiúnú a dhéanamh orthu i leith na ngrúpaí nó na gcineálacha eile, ar bhonn measúnú riosca a dhéanann an t-oibreoir.

(d) Maidir le hoibríochtaí ar níos mó ná cineál nó leagan héileacaptair amháin a úsáidtear chun oibríochtaí atá comhchosúil a ndóthain a dhéanamh, má rothlaíonn seiceálacha líne idir cineálacha nó leaganacha, déanfaidh gach seiceáil líne an tseiceáil líne a athbhailíochtú i gcás na gcineálacha nó na leaganacha eile héileacaptair.

(e) Sonrófar nósanna imeachta iomchuí agus aon srian oibríochta sa lámhleabhar oibríochtaí maidir le haon oibríocht ar níos mó ná cineál nó leagan amháin.";

(f) leasaítear pointe ORO.FC.145 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) agus phointe (d):

"(c) I gcás oibríochtaí CAT, cláir oiliúna agus seiceála, lena n-áirítear siollabais, agus úsáid na modhanna chun an clár a sheachadadh, modhanna amhail feistí oiliúna ionsamhalta eitilte aonair (FSTDanna) agus réitigh oiliúna eile, formheasfaidh an t-údarás inniúil iad.

(d) Beidh FSTD a úsáidtear chun ceanglais na Fochoda seo a chomhlíonadh cáilithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 agus déanfaidh sé macasamhlú ar an aerárthach a úsáideann an t-oibreoir, a mhéid is féidir. Tabharfar tuairisc ar dhifríochtaí idir FSTD agus an t-aerárthach trí fhaisnéisiú nó oiliúint, de réir mar is iomchuí.";

(ii) cuirtear na pointí (f) agus (g) isteach:

"(f) Déanfaidh an t-oibreoir faireachán ar bhailíocht gach oiliúna agus seiceála tréimhsiúla.

(g) Áireofar na tréimhsí bailíochta a cheanglaítear san Fhochuid seo ó dheireadh na míosa ina bhfuarthas an taithí dhéanach agus ina cuireadh crích leis an oiliúint nó an tseiceáil.";

(g) leasaítear pointe ORO.FC.146 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) I gcás oiliúint eitilte agus oiliúint, seiceáil agus measúnú eitilte, beidh an pearsanra a chuireann an tseiceáil nó an measúnú ar fáil cáilithe i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid-FCL) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011. Ina theannta sin, an pearsanra a bheidh i bhfeighil na hoiliúna agus na seiceála i réimse na n-oibríochtaí speisialaithe, beidh siad cáilithe go hiomchuí le haghaidh na hoibríochta ábhartha.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) D'ainneoin phointe (b), féadfaidh ceannasaí atá cáilithe go cuí agus a ainmneoidh an t-oibreoir atá caighdeánaithe i gcoincheapa EBT agus i measúnú inniúlachtaí (meastóir líne) an mheastóireacht líne ar an inniúlacht a dhéanamh.";

(iii) cuirtear na pointí (e), (f), (g) agus (h) seo a leanas isteach:

"(e) D'ainneoin phointe (b), féadfaidh ceannasaí atá cáilithe go cuí, a bhfuil deimhniú FI/TRI/SFI aige agus atá ainmnithe ag an oibreoir le haghaidh aon cheann de na hoibríochtaí seo a leanas, an oiliúint aerárthaigh/FSTD agus seiceáil ar oilteacht an oibreora a dhéanamh:

(1) Oibríochtaí CAT héileacaptar a chomhlíonann na critéir a shainítear i bpointe ORO.FC.005(b)(2);

(2) Oibríochtaí CAT héileacaptar nach héileacaptair choimpléascacha iad atá á gcumhachtú le mótar le linn an lae agus thar bhealaí a dhéantar a loingsiú faoi threoir comharthaí talún infheicthe;

(3) Oibríochtaí CAT eitleán aicme feidhmíochta B nach gcomhlíonann na critéir a shainítear i bpointe ORO.FC.005(b)(1).

(f) D'ainneoin phointe (b), féadfaidh píolóta atá i gceannas/ceannasaí a ainmníonn an t-oibreoir le haghaidh aon cheann de na hoibríochtaí seo a leanas an oiliúint aerárthaigh FSTD agus an tseiceáil a dhéanamh ar léiriú inniúlachta/ar oilteacht an oibreora:

(1) oibríochtaí speisialaithe;

(2) Oibríochtaí CAT na n-eitleán a chomhlíonann na critéir a shainítear i bpointe ORO.FC.005(b)(2).

(g) D'ainneoin phointe (b), féadfaidh ceannasaí a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige agus a ainmneoidh an t-oibreoir an tseiceáil líne a dhéanamh.

(h) Cuirfidh an t-oibreoir an t-údarás inniúil ar an eolas faoi na daoine a ainmnítear faoi phointí (e) go (g).";

(h) i bpointe ORO.FC.200, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) Ceanglais shonracha maidir le hoibríochtaí héileacaptair

Maidir le hoibríochtaí héileacaptar a bhfuil MOPSC níos mó ná 19 acu agus maidir le hoibríochtaí héileacaptar a bhfuil MOPSC níos mó ná 9 acu faoi IFR, is beirt phíolótaí a bheidh san fhoireann eitilte íosta.";

(i) leasaítear pointe ORO.FC.202 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

"Chun bheith in ann eitilt faoi IFR nó le linn na hoíche le foireann eitilte íosta aon phíolóta amháin, comhlíonfar na nithe seo a leanas:";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) FÁGTHA FOLAMH D'AON GHNÓ";

(j) leasaítear pointe ORO.FC.220 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) Nuair a bheidh tús curtha le cúrsa tiontúcháin oibreora, ní shannfar dualgais eitilte ar chineál nó ar aicme eile aerárthaigh don bhall den fhoireann eitilte go dtí go mbeidh an cúrsa curtha i gcrích nó deireadh curtha leis. Baill foirne nach n-oibríonn ach eitleáin in aicme B, féadfar iad a shannadh d'eitiltí ar chineálacha eile eitleán in aicme B le linn cúrsaí tiontúcháin a mhéid is gá chun an oibríocht a choinneáil ar bun. Féadfar baill den fhoireann a shannadh d'eitiltí ar héileacaptair a bhfuil inneall amháin acu le linn cúrsa tiontúcháin oibreora ar héileacaptar a bhfuil inneall amháin acu, ar choinníoll nach ndéanfar difear don oiliúint.";

(ii) cuirtear an pointe (f) seo a leanas leis:

"(f) Mura féidir leis an oibreoir na ceanglais in (d) a chomhlíonadh de bharr imthosca oibríochtúla amhail cur isteach ar AOC nua nó cineál nó aicme nua aerárthaigh a chur leis an bhflít, is féidir leis an oibreoir cúrsa sonrach tiontúcháin a fhorbairt, atá le húsáid le haghaidh líon teoranta píolótaí.";

(k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ORO.FC.230:

"ORO.FC.230 Oiliúint thréimhsiúil agus seiceáil

(a) Cuirfidh gach ball den fhoireann eitilte an oiliúint thréimhsiúil agus an tseiceáil i gcrích a bhaineann leis an gcineál nó leagan aerárthaigh agus le trealamh gaolmhar an aerárthaigh ar a n-oibríonn siad.

(b) *Seiceáil ar oilteacht an oibreora*

(1) Déanfaidh gach ball den fhoireann eitilte seiceálacha ar oilteacht an oibreora mar chuid den ghnáthchumraíocht foirne.

(2) Nuair a cheanglófar ar bhall den fhoireann eitilte oibriú faoi IFR, déanfar an tseiceáil ar oilteacht an oibreora gan amharcthagairt sheachtrach, de réir mar is iomchuí.

(3) 6 mhí féilire a bheidh i dtréimhse bhailíochta na seiceála ar oilteacht an oibreora. I gcás oibríochtaí faoi VFR a dhéanann eitleáin in aicme B de réir lá na feidhmíochta, oibríochtaí a dhéantar le linn séasúir nach faide ná 8 mhí i ndiaidh a chéile, is leor aon seiceáil amháin a dhéanamh ar oilteacht an oibreora. Déanfar an tseiceáil inniúlachta sula gcuirfear tús le hoibríochtaí CAT.

(c) *Seiceáil líne;*

Déanfaidh gach ball den fhoireann eitilte seiceáil líne ar an aerárthach. 12 mhí féilire a bheidh i dtréimhse bhailíochta na seiceála líne.

(d) *Oiliúint agus seiceáil ar threalamh éigeandála agus sábháilteachta.*

Cuirfidh gach ball den fhoireann eitilte oiliúint thréimhsiúil agus seiceáil i gcrích maidir le suíomh agus úsáid an trealaimh éigeandála agus sábháilteachta go léir a iompraítear ar bord an aerárthaigh. 12 mhí féilire a bheidh sa tréimhse bhailíochta chun oiliúint agus seiceáil a dhéanamh ar threalamh éigeandála agus sábháilteachta.

(e) *Oiliúint CRM*

(1) Déanfar gnéithe de CRM a chomhtháthú i ngach céim oiriúnach den oiliúint thréimhsiúil.

(2) Cuirfear oiliúint shonrach mhodúlach CRM ar gach ball den fhoireann eitilte. Clúdófar gach mórthopaic a bhaineann le hoiliúint CRM trí sheisiúin oiliúna mhodúlacha a dháileadh chomh cothrom agus is féidir le linn gach tréimhse 3 bliana.

(f) Cuirfear oiliúint ar an talamh agus oiliúint eitilte ar gach ball den fhoireann eitilte in FSTD nó in aerárthach, nó i meascán d'oiliúint FSTD agus aerárthaí, uair amháin in aghaidh gach 12 mhí féilire ar a laghad.";

(l) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ORO.FC.235:

"**ORO.FC.235 Cáilíocht nach mór a bheith ag píolóta chun an dá shuíochán píolóta a oibriú— eitleáin**

(a) Maidir le ceannasaithe eitleán a gceanglaítear orthu, mar chuid dá ndualgais, oibriú i suíochán an phíolóta agus dualgais an chomhphíolóta a chomhlíonadh, nó ceannasaithe a gceanglaítear orthu dualgais seiceála nó oiliúna a dhéanamh, cuirfidh siad oiliúint agus seiceáil bhreise i gcrích chun a áirithiú go bhfuil siad oilte ar na gnáthnósanna imeachta ábhartha, neamhghnácha agus éigeandála a bhaineann leis an dá shuíochán. Beidh an oiliúint agus an tseiceáil sin sonraithe sa lámhleabhar oibríochtaí. Féadfar an tseiceáil a dhéanamh in éineacht leis an tseiceáil ar oilteacht an oibreora a fhorordaítear in ORO.FC.230(b) nó i gclár EBT a fhorordaítear in ORO.FC.231.

(b) Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad san oiliúint bhreise agus sa tseiceáil bhreise:

(1) cliseadh innill le linn éirí de thalamh;

(2) ascnamh agus dul timpeall a dhéanamh agus inneall amháin neamhoibríoch; agus

(3) tuirlingt a dhéanamh agus inneall amháin neamhoibríoch.

(c) 12 mhí féilire a bheidh sa tréimhse bhailíochta. Maidir le hoibreoirí a bhfuil clár formheasta EBT acu, cinntear an bhailíocht leis na topaicí measúnaithe agus oiliúna i gcomhréir le ORO.FC.232.

(d) Nuair is gá oibriú i suíochán an chomhphíolóta, beidh na seiceálacha a cheanglaítear le ORO.FC.230 nó an measúnú agus an oiliúint a cheanglaítear le ORO.FC.231 chun oibriú i suíochán an cheannasaí, bailí agus reatha freisin.

(e) Beidh sé léirithe ag an bpíolóta a dhéanann sealaíocht ar an gceannasaí, i gcomhthráth leis na seiceálacha ar oilteacht an oibreora a fhorordaítear in ORO.FC.230(b), nó an measúnú agus an oiliúint a cheanglaítear le ORO.FC.231, go bhfuil sé cleachtach ar dhruileanna agus nósanna imeachta nach mbeadh sé freagrach astu de ghnáth. Mura bhfuil aon mhórdhifríocht ann idir an suíochán deas agus an suíochán clé féadfar an cleachtadh a dhéanamh i gceachtar den dá shuíochán.

(f) Is é an píolóta, seachas an ceannasaí, atá i suíochán an cheannasaí, a léireoidh go bhfuil sé cleachtach ar dhruileanna agus nósanna imeachta, i gcomhthráth leis na seiceálacha ar oilteacht an oibreora a leagtar síos in ORO.FC.230(b) nó leis an measúnú agus an oiliúint a cheanglaítear le ORO.FC.231, a bhfuil freagracht ag an gceannasaí astu agus é ag feidhmiú mar phíolóta atá ag déanamh faireacháin. Mura bhfuil aon mhórdhifríocht ann idir an suíochán deas agus suíochán clé féadfar an cleachtadh a dhéanamh i gceachtar den dá shuíochán.";

(m) cuirtear pointe ORO.FC.236 seo a leanas isteach:

"ORO.FC.236 Cáilíocht nach mór a bheith ag píolóta chun an dá shuíochán píolóta a oibriú — héileacaptair

(a) Píolótaí héileacaptair a gceanglaítear orthu, mar chuid dá ndualgais, oibriú i gceachtar suíochán de chuid an phíolóta, cuirfidh siad oiliúint agus seiceáil bhreise i gcrích chun a áirithiú go bhfuil siad oilte ar na gnáthnósanna imeachta ábhartha, neamhghnácha agus éigeandála a bhaineann leis an dá shuíochán. Is é 12 mhí féilire a bheidh i dtréimhse bhailíochta na cáilíochta sin.

(b) Meastar go gcomhlíonann FInna nó TRInna den chineál ábhartha ceanglas phointe (a) má bhí gníomhaíocht FI nó TRI acu ar an gcineál sin agus ar an héileacaptar le 6 mhí anuas.";

(n) leasaítear pointe ORO.FC.240 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) FÁGTHA FOLAMH D'AON GHNÓ";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) Ní bheidh feidhm ag pointe (a) maidir le hoibríochtaí eitleán in aicme B má tá siad teoranta d'aicmí aonphíolóta d'eitleáin innill chómhalartúcháin faoi VFR le linn an lae.";

(o) leasaítear pointe ORO.FC.A.245 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) Féadfaidh an t-oibreoir eitleáin a bhfuil taithí chuí aige clár malartach oiliúna agus cáilíochta (ATQP), arna fhormheas ag an údarás inniúil, a chur isteach in ionad ceann amháin nó níos mó de na ceanglais oiliúna agus seiceála seo a leanas le haghaidh na foirne eitilte:

(1) a leagtar amach i bpointe SPA.LVO.120 maidir le hoiliúint agus cáilíochtaí na foirne eitilte;

(2) a leagtar amach i bpointe ORO.FC.220 maidir le hoiliúint agus seiceáil tiontúcháin;

(3) a leagtar amach i bpointe ORO.FC.125 i dtaca le hoiliúint maidir le difríochtaí, oiliúint taithíochta, oiliúint maidir le trealamh agus nósanna imeachta;

(4) a leagtar amach i bpointe ORO.FC.205 maidir le cúrsa ceannais;

(5) a leagtar amach i bpointe ORO.FC.230 maidir le hoiliúint agus seiceáil thréimhsiúil; agus

(6) a leagtar amach i bpointe ORO.FC.240 maidir le hoibriú ar níos mó ná cineál nó leagan amháin.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d) agus (e):

"(d) I dteannta na seiceálacha a cheanglaítear le pointe ORO.FC.230 agus le pointe FCL.060 d'Iarscríbhinn I (Cuid-FCL) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011, déanfaidh gach ball den fhoireann eitilte meastóireacht dírithe ar líne (LOE) a dhéanfar i FSTD. 12 mhí féilire a bheidh i dtréimhse bhailíochta LOE. Cuirtear an LOE i gcrích nuair a chomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

(1) go bhfuil siollabas an LOE críochnaithe; agus

(2) gur léirigh an ball den fhoireann eitilte leibhéal feidhmíochta inghlactha.

(e) Tar éis don oibreoir oibriú le ATQP formheasta ar feadh dhá bhliain, féadfaidh sé, le formheas an údaráis inniúil, síneadh a chur le tréimhsí bailíochta na seiceálacha dá dtagraítear i bpointe ORO.FC.230 mar seo a leanas:

(1) Seiceáil ar oilteacht an oibreora go 12 mhí féilire.

(2) Seiceáil líne go 24 mhí féilire.

(3) Seiceáil trealaimh éigeandála agus sábháilteachta go 24 mhí féilire.";

(iii) cuirtear na pointí (f) agus (g) seo a leanas isteach:

"(f) Cuirfear oiliúint shonrach mhodúlach CRM ar gach ball den fhoireann eitilte. Clúdófar gach mórthopaic a bhaineann le hoiliúint CRM trí sheisiúin oiliúna modúlacha a dháileadh chomh cothrom agus is féidir thar gach tréimhse 3 bliana.

(g) Áireofar leis an gclár ATQP 48 uair an chloig ar FSTD le haghaidh gach ball den fhoireann eitilte, rud a dháiltear go cothrom thar chlár 3 bliana. Féadfaidh an t-oibreoir líon na n-uaireanta FSTD a laghdú, ach gan é a laghdú faoi bhun 36 uair an chloig, ar choinníoll go léiríonn sé go bhfuil an leibhéal sábháilteachta a bhaintear amach coibhéiseach le leibhéal an chláir a fhéadfaidh ATQP a chur isteach i gcomhréir le pointe (a).";

(p) i bpointe ORO.FC.H.250, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(1):

"(a) Ní ghníomhóidh sealbhóirí CPL(H) (héileacaptar) mar cheannasaithe in oibríochtaí CAT ar héileacaptar aonphíolóta más fíor an méid seo a leanas:

(1) nuair atá siad ag oibriú faoi IFR, go bhfuil 700 uair an chloig ar a laghad d'am eitilte iomlán acu ar héileacaptair, lena n-áirítear 300 uair an chloig mar phíolóta i gceannas. Áireofar 100 uair an chloig faoi IFR san am eitilte iomlán ar héileacaptair. Is féidir suas le 50 uair an chloig d'am uirlisí a dhéantar ar cháilíocht FFS(H) ar leibhéal B nó FTD ar leibhéal 3 nó ar leibhéal níos airde cáilithe le haghaidh oiliúint uirlisí, a chreidiúnú i ndáil leis an 100 uair an chloig. Uaireanta a oibrítear mar chomhphíolóta laistigh de chóras foirne ilphíolóta a leagtar síos sa lámhleabhar oibríochtaí ar bhonn 2 uair an chloig mar chomhphíolóta ar feadh tréimhse eitilte 1 uair an chloig mar chomhphíolóta, féadfar na huaireanta sin a chur in ionad an 300 uair an chloig mar phíolóta i gceannas;";

(q) cuirtear na pointí seo a leanas ORO.FC.320 agus ORO.FC.325 isteach roimh phointe ORO.FC.330:

"ORO.FC.320 Oiliúint tiontúcháin agus seiceáil:

Áireofar sa chúrsa tiontúcháin oibreora seiceáil ar oilteacht an oibreora.

ORO.FC.325 Oiliúint maidir le trealamh agus nósanna imeachta agus seiceáil

Má chuirtear oiliúint ar bhall den fhoireann eitilte maidir le trealamh agus nósanna imeachta, rud ar gá oiliúint ar FSTD nó aerárthach oiriúnach ina leith i dtaca le nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha a bhaineann le hoibríocht speisialaithe, déanfar seiceáil ar oilteacht an oibreora ar an mball den fhoireann eitilte.";

(r) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ORO.FC.330:

"ORO.FC.330 Oiliúint agus seiceáil thréimhsiúil – seiceáil ar oilteacht an oibreora

(a) Cuirfidh gach ball den fhoireann eitilte oiliúint thréimhsiúil agus seiceálacha ar oilteacht an oibreora i gcrích. I gcás oibríochtaí speisialaithe, cuimseoidh an oiliúint agus an tseiceáil thréimhsiúil na gnéithe ábhartha a bhaineann leis na tascanna speisialaithe a bhfuil tuairisc orthu sa lámhleabhar oibríochtaí.

(b) Tabharfar aird iomchuí nuair a dhéanfar oibríochtaí faoi IFR nó san oíche.

(c) 12 mhí féilire a bheidh i dtréimhse bhailíochta na seiceála ar oilteacht an oibreora.";

(s) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn I:

"Aguisín I

DEARBHÚ

i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún maidir le hoibríochtaí aeir

Oibreoir
Ainm:
Áit a bhfuil a phríomháit ghnó ag an oibreoir nó, mura bhfuil aon phríomháit ghnó ag an oibreoir, áit a bhfuil an t-oibreoir bunaithe nó ina chónaí agus áit óna stiúrtar na hoibríochtaí:
Ainm agus sonraí teagmhála an bhainisteora fhreagraigh:

Oibríocht aerárthaigh

Dáta tosaigh na hoibríochta agus dáta infheidhmeachta an athraithe:

Faisnéis maidir leis an aerárthach, leis an oibríocht, agus leis an eagraíocht um bainistíocht aeracmhainneachta leanúnaí ([1]):

Cineál/cineálacha aerárthaigh, clárúchán/clárúcháin agus príomh-bhunáit:

MSN Aerárthaigh ([2])	Cineál aerárthaigh	Clárúchán aerárthaigh ([3])	Príomh-bhunáit	Cineál/ cineálacha oibríochta ([4])	Eagraíocht atá freagrach as an mbainistiú aeracmhainneachta leanúnaí ([5])

Gheobhaidh an t-oibreoir formheas roimh ré ([6]) nó formheas sonrach ([7]) le haghaidh oibríochtaí áirithe sula ndéanfar oibríochtaí den sórt sin.

I gcás inarb infheidhme, mionsonraí na bhformheasanna atá ar coimeád. Ceangail liosta na bhformheasanna sonracha. Áirítear orthu iad seo a leanas:
— formheasanna sonracha a dheonaíonn tríú tír, más infheidhme;
— ainm na n-oibríochtaí a rinneadh le creidmheasanna oibríochtúla (e.g. EFVS 200, SA CAT I, etc.).

I gcás inarb infheidhme, mionsonraí ar údarú maidir le hoibríochtaí speisialaithe atá ar coimeád (cuir údarú/údaruithe i gceangal, más infheidhme).

I gcás inarb infheidhme, liosta de bhealaí malartacha comhlíontachta (AltMoC) in éineacht le tagairtí do AMC bainteach a chuirtear ina n-ionad (cuir AltMoC i gceangal).

Ráitis

☐ Comhlíonann an t-oibreoir na ceanglais fhíor-riachtanacha, agus leanfaidh an t-oibreoir de bheith ag comhlíonadh na gceanglas fíor-riachtanach a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 965/2012..

☐ Comhlíonfaidh doiciméadacht an chórais bainistíochta, lena n-áirítear an lámhleabhar oibríochta, ceanglais Iarscríbhinn III (Cuid-ORO), Iarscríbhinn V (Cuid-SPA), Iarscríbhinn VI (Cuid-NCC), nó Iarscríbhinn VIII (Cuid-SPO) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún agus déanfar gach eitilt i gcomhréir le forálacha an lámhleabhair oibríochta mar a cheanglaítear le pointe ORO.GEN.110 (b) de (Cuid-ORO)..

☐ Iomprófar an t-aerárthach uile faoi oibriú:
— deimhniú bailí aerfhiúntais i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún nó, i gcás aerárthaí atá cláraithe i dtríú tír, i gcomhréir le hIarscríbhinn 8 ICAO; agus
— nuair a úsáidtear é le haghaidh gníomhaíochtaí SPO, comhaontú léasa bailí de réir ORO.SPO.100.

☐ Beidh ceadúnas ag gach ball d'fhoireann eitilte i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011 ón gCoimisiún mar a cheanglaítear le pointe ORO.FC.100 (c) de Chuid-ORO, agus cuirfear oiliúint ar bhaill den fhoireann chábáin, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le Fochuid CC d'Iarscríbhinn III de Chuid-ORO.
☐ (Más infheidhme) Cuirfidh an t-oibreoir comhlíontacht le caighdeán aitheanta tionscail chun feidhme agus léireoidh sé an chomhréireacht sin. Tagairt an chaighdeáin: Comhlacht deimhniúcháin: Dáta an iniúchta comhréireachta deireanaigh:
☐ Tabharfaidh an t-oibreoir fógra don údarás inniúil faoi aon athrú ar imthosca lena ndéantar difear dá chomhlíontacht leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139 agus le ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún mar a dhearbhaítear don údarás inniúil leis an dearbhú seo, agus faoi aon athrú ar an bhfaisnéis ar AltMoC agus ar liostaí AltMoC a áirítear sa dearbhú seo agus atá i gceangal leis mar a cheanglaítear le pointe ORO. GEN.120 (a) de Chuid-ORO.
☐ Deimhneoidh an t-oibreoir go bhfuil an fhaisnéis a nochtar sa dearbhú seo ceart.
Dáta, ainm agus síniú an bhainisteora atá freagrach"

([1]) Mura bhfuil go leor spáis ann chun an fhaisnéis a cheanglaítear a liostú sa dearbhú, déanfar an fhaisnéis a liostú in iarscríbhinn ar leith. Cuirfear dáta leis an iarscríbhinn agus déanfar í a shíniú.

([2]) Sraithuimhir an mhonaróra.

([3]) Má tá an t-aerárthach cláraithe le sealbhóir AOC, sonraigh uimhir AOC an tsealbhóra AOC.

([4]) Tagraítear le "Cineál(acha) oibríochta" do chineál na n-oibríochtaí a dhéantar leis an aerárthach seo, e.g. Oibríochtaí neamhthráchtála nó oibríochtaí speisialaithe, e.g. Eitiltí aer-ghrianghrafadóireachta, eitiltí aerfhógraíochta, eitiltí na meán cumarsáide nuachta, eitiltí teilifíse agus scannán, oibríochtaí paraisiúit, spéirthumadóireacht, eitiltí seiceála cothabhála.

([5]) San fhaisnéis faoin eagraíocht atá freagrach as aeracmhainneacht leanúnach a bhainistiú, áireofar ainm na heagraíochta, seoladh na heagraíochta, agus tagairt an fhormheasa.

([6]) (a) liosta de threalamh íosta (MEL) (pointí ORO.MLR.105 (b), (f), agus (j), NCC.IDE.A.105, NCC.IDE.H.105, SPO.IDE. A.105, agus SPO.IDE.H.105).oibríochtaí a bhfuil aon uirlis nó píosa trealaimh nó mír nó feidhm lochtach acu, faoi

(b) Oibríochtaí lena gceanglaítear údarú nó formheas a fháil roimh ré, lena n-áirítear na hoibríochtaí uile seo a leanas:
- le haghaidh oibríochtaí speisialaithe, léasú árthaigh fheistithe agus léasú árthaigh gan feistiú atá cláraithe i dtríú tír (pointe ORO.SPO.100 (c));
- oibríochtaí speisialaithe tráchtála ardriosca (pointe ORO.SPO.110);
- oibríochtaí neamhthráchtála le haerárthaí ag a bhfuil MOPSC is mó ná 19, oibríochtaí a dhéantar gan ball d'fhoireann chábáin eitilte (pointe ORO.CC.100 (d));
- úsáid íosdálaí oibriúcháin IFR is ísle ná iad siúd a fhoilsíonn an Stát (pointí NCC.OP.110 agus SPO.OP.110);
- athbhreoslú agus inneall/innill agus/nó rótair á gcasadh (pointe NCC.OP.157);
- oibríochtaí speisialaithe (SPO) gan ocsaigin os cionn 10 000 tr (pointe SPO.OP.195).

([7]) Oibríochtaí i gcomhréir le hIarscríbhinn V (Cuid-SPA) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 965/2012, lena n-áirítear Fochodanna B "Oibríochtaí loingseoireachta feidhmíochtbhunaithe (PBN)", C "Oibríochtaí ag a bhfuil sonraíocht íosta feidhmíochta loingseoireachta (MNPS)", D "Oibríochtaí san aerspás le híosdeighiltí (RVSM)", E "Oibríochtaí drochléargais (LVOnna) agus oibríochtaí le creidmheasanna oibríochtúla", G "Iompar earraí contúirteacha", K "Oibríochtaí eischósta héileacaptair" agus N "Ascnaimh agus imeachtaí héileacaptair i dtreo pointe sa spás le híosdálaí VFR laghdaithe".

(4) leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe CAT.GEN.MPA.100:

"**CAT.GEN.MPA.100 Freagrachtaí foirne**

(a) Beidh an ball foirne freagrach as a chuid dualgas a chomhlíonadh mar is ceart, dualgais a bhfuil an méid seo a leanas fíor ina leith:

(1) baineann siad le sábháilteacht an aerárthaigh agus na ndaoine ann; agus

(2) tá siad sonraithe sna treoracha agus sna nósanna imeachta a leagtar síos sa lámhleabhar oibríochtaí.

(b) Is é a dhéanfaidh ball foirne:

(1) tuairisc a thabhairt don cheannasaí faoi aon fhabht, cliseadh, mífheidhm nó locht is dóigh leis an mball foirne a d'fheádfadh dul i bhfeidhm ar aerfhiúntas nó ar oibríocht shábháilte an aerárthaigh, lena n-áirítear córais éigeandála, mura bhfuil sé tuairiscithe cheana ag ball foirne eile;

(2) tuairisc a thabhairt don cheannasaí faoi aon teagmhas a chuir sábháilteacht na hoibríochta i mbaol, nó a d'fhéadfadh sin a dhéanamh, mura bhfuil sé tuairiscithe cheana ag ball foirne eile;

(3) ceanglais ábhartha scéimeanna tuairiscithe tarluithe an oibreora a chomhlíonadh;

(4) cloí leis na teorainneacha ama eitilte agus na dualgais uile (FTL) agus na ceanglais scíthe is infheidhme maidir lena chuid gníomhaíochtaí;

(5) má tá a chuid dualgas á ndéanamh aige ar níos mó ná oibreoir amháin, déanfaidh sé an méid seo a leanas":

(i) a thaifid aonair a choinneáil maidir le hamanna eitilte agus dualgais agus tréimhsí scíthe dá dtagraítear sna ceanglais FTL is infheidhme;

(ii) na sonraí is gá chun gníomhaíochtaí a sceidealú i gcomhréir leis na ceanglais FTL is infheidhme a sholáthar do gach oibreoir; agus

(iii) na sonraí is gá a sholáthar do gach oibreoir maidir le hoibríochtaí ar níos mó ná cineál nó leagan amháin aerárthaigh.

(c) Ní chomhlíonfaidh an ball foirne a chuid dualgas ar aerárthach sna cásanna seo a leanas:

(1) nuair atá sé faoi thionchar substaintí sícighníomhacha nó nuair atá sé neamhábalta de bharr díobhála, tuirse, cógais, tinnis nó cúiseanna comhchosúla eile;

(2) go dtí go mbeidh tréimhse réasúnta caite tar éis tumadh domhainuisce nó tar éis deonú fola;

(3) mura gcomhlíontar na ceanglais leighis is infheidhme;

(4) má tá aon amhras ar an mball foirne maidir lena chumas a chuid dualgas sannta a chomhlíonadh; nó

(5) má tá a fhios aige nó más dóigh leis go bhfuil sé traochta ar bhealach dá dtagraítear in Iarscríbhinn V, pointe 7.5, a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139 nó má mhothaíonn sé neamhábalta, a mhéid a d'fhéadfaí an eitilt a chur i mbaol.

(b) cuirtear pointe CAT.OP.MPA.101 seo a leanas isteach:

"**CAT.OP.MPA.101 Seiceáil agus socruithe airdemhéadair**

(a) Bunóidh an t-oibreoir nósanna imeachta chun an t-airdemhéadar a sheiceáil roimh gach imeacht.

(b) Bunóidh an t-oibreoir nósanna imeachta um choigeartuithe an airdemhéadair le haghaidh gach céime den eitilt agus cuirfear san áireamh sna nósanna imeachta sin na nósanna imeachta a bheidh bunaithe ag Stát an aeradróim nó ag Stát an aerspáis, más infheidhme.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe CAT.OP.MPA.107:

"**CAT.OP.MPA.107 Aeradróm leordhóthanach**

Measfaidh an t-oibreoir go bhfuil aeradróm leordhóthanach más rud é, ag an am a bhfuil coinne lena úsáid, go bhfuil an t-aeradróm ar fáil agus go bhfuil na seirbhísí coimhdeacha is gá ann, amhail seirbhísí aerthráchta (ATS), soilsiú leordhóthanach, cumarsáid, tuarascálacha meitéareolaíocha, áiseanna loingseoireachta agus seirbhísí éigeandála.";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe CAT.OP.MPA.110:

"**CAT.OP.MPA.110 Adequate aerodrome**

(a) Bunóidh an t-oibreoir íosdálaí oibriúcháin aeradróim le haghaidh gach aeradróim imeachta, cinn scríbe nó malartaigh a bheartaítear a úsáid chun deighilt an aerárthaigh ón tír-raon agus ó chonstaicí a áirithiú agus chun an riosca a mhaolú go gcaillfí amharcthagairtí le linn dheighleog amharceitilte na n-oibríochtaí ascnaimh uirlisí.

(b) Cuirfear gach ceann de na heilimintí seo a leanas san áireamh sa mhodh a úsáidfear chun íosdálaí oibriúcháin aeradróim a bhunú:

(1) cineál, feidhmíocht agus saintréithe ionramhála an aerárthaigh;

(2) an trealamh atá ar fáil ar an aerárthach chun críoch na loingseoireachta, aimsiú na n-amharcthagairtí, agus/nó rialú an ruthaig eitilte le linn éirí de thalamh, ascnaimh, tuirlingthe, agus ascnamh iomraill;

(3) aon choinníoll nó teorainn a luaitear i lámhleabhar eitilte an aerárthaigh (AFM);

(4) taithí oibríochtúil ábhartha an oibreora;

(5) toisí agus saintréithe na rúidbhealaí/na limistéar ascnaimh deiridh agus éirí de thalamh (FATOnna) a bhféadfaí a roghnú lena n-úsáid;

(6) leordhóthanacht agus feidhmíocht na n-áiseanna amhairc agus neamhamhairc agus an bhonneagair atá ar fáil;

(7) an airde riachtanach os cionn na mara/os cionn na talún (OCA/H) chun constaicí a ghlanadh i gcás nósanna imeachta ascnaimh uirlisí (IAPanna);

(8) na constaicí sna limistéir dhreaptha agus na corrlaigh ghlanta is gá;

(9) comhdhéanamh na foirne eitilte, a gcuid inniúlachta agus an taithí atá acu;

(10) IAP;

(11) saintréithe an aeradróim agus na seirbhísí aerloingseoireachta (SAL) atá ar fáil;

(12) aon íosdálaí a fhógróidh Stát an aeradróim;

(13) na coinníollacha a leagtar síos sna sonraíochtaí oibríochtaí lena n-áirítear aon fhormheas sonrach le haghaidh oibríochtaí drochléargais (LVOnna) nó oibríochtaí lena mbaineann creidmheasanna oibríochtúla.

(14) aon saintréith neamhchaighdeánach de chuid an aeradróim, an IAP nó na timpeallachta;

(c) Sonróidh an t-oibreoir modh lena gcinnfear na híosdálaí oibriúcháin aeradróim sa lámhleabhar oibríochta.";

(d) Déanfaidh an t-údarás inniúil an modh a úsáideann an t-oibreoir chun íosdálaí oibriúcháin aeradróim a bhunú agus aon athrú ar an modh sin a fhormheas.";

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe CAT.OP.MPA.115:

"**CAT.OP.MPA.115 Teicníc eitilte ascnaimh — eitleáin**

(a) Eitleofar gach ascnamh mar oibríocht ascnaimh chobhsaí ach amháin má fhormheasann an t-údarás inniúil a mhalairt maidir le hascnamh ar leith i dtreo rúidbhealach ar leith.

(b) Úsáidfear teicníc ísliúcháin leanúnaigh an ascnaimh deiridh (CDFA) le haghaidh oibríochtaí ascnaimh a úsáideann nósanna imeachta ascnaimh neamhbheacht (NPA) ach amháin i gcás rúidbhealaí áirithe den sórt sin a bhfuil teicníc eitilte eile formheasta ag an údarás inniúil ina leith.";

(f) cuirtear an méid a leanas in ionad phointí CAT.OP.MPA.245 agus CAT.OP.MPA.246:

"**CAT.OP.MPA.245 Dálaí meitéareolaíocha – gach aerárthach**

(a) Ar eitiltí IFR, ní dhéanfaidh an ceannasaí ach an méid seo a leanas:

(1) tús a chur leis an eitilt; nó

(2) leanúint ar aghaidh níos faide ná an pointe óna mbeidh feidhm ag plean eitilte athbhreithnithe ATS i gcás athphleanála le linn eitilte,

nuair atá faisnéis ar fáil a léiríonn go bhfuil na dálaí meitéareolaíochta a bhfuil coinne leo ag an gceann scríbe ag an am teachta, agus/nó ag an aeradróm malartach nó ag na haeradróim cheangailte mhalartacha ar leibhéal íosdálaí pleanála.

(b) Ar eitiltí IFR, ní leanfaidh an ceannasaí i dtreo an aeradróim chinn scríbe phleanáilte ach amháin más léir ón bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil go bhfuil na dálaí meitéareolaíochta ag an gceann scríbe, nó ar a laghad ag aeradróm malartach cinn scríbe amháin, ag an am teachta measta, ar leibhéal íosdálaí oibriúcháin an aeradróim is infheidhme nó os a gcionn.

(c) Ar eitiltí VFR, ní chuirfidh an ceannasaí tús leis an eitilt ach amháin má léiríonn na tuarascálacha meitéareolaíochta iomchuí agus/nó na réamhaisnéisí meitéareolaíochta gur ag teorainneacha VFR nó os a gcionn a bheidh na dálaí meitéareolaíochta ar feadh na coda den bhealach atá le heitilt faoi VFR, ag an am iomchuí.

CAT.OP.MPA.246 Dálaí meitéareolaíochta – eitleáin

Chomh maith le CAT.OP.MPA.245, ar eitiltí IFR le heitleáin, ní leanfaidh an ceannasaí níos faide ná:

(a) pointe an chinnidh agus an nós imeachta um bhreosla/fuinneamh cúltaisce laghdaithe (RCF) á úsáid; nó

(b) an pointe fillte is faide amach nuair atá úsáid á baint as an nós imeachta aeradróim iargúlta,

nuair atá faisnéis ar fáil a léiríonn go bhfuil na dálaí meitéareolaíochta a bhfuil coinne leo ag an gceann scríbe ag an am teachta, agus/nó ag an aeradróm malartach nó ag na haeradróim cheangailte mhalartacha ar leibhéal íosdálaí aeradróim is infheidhme".

(g) i bpointe CAT.OP.MPA.247, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) Maidir le heitiltí VFR os cionn na mara atá as radharc talún le héileacaptair, ní chuirfidh an ceannasaí tús le héirí de thalamh go dtí go léiríonn na tuairiscí agus/nó na réamhaisnéisí meitéareolaíochta iomchuí go mbeidh an tsíleáil os cionn 600 troigh le linn an lae nó 1 200 troigh le linn na hoíche.";

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe CAT.OP.MPA.265:

"**CAT.OP.MPA.265 Dálaí éirí de thalamh**

Sula gcuirfidh an ceannasaí tús le héirí de thalamh, beidh an ceannasaí sásta go bhfuil an méid seo a leanas fíor:

(a) nach gcuirfidh na dálaí meitéareolaíochta ag an aeradróm nó ag an láithreán oibriúcháin agus riocht an rúidbhealaigh/FATO atá beartaithe a úsáid cosc le héirí de thalamh agus le himeacht sábháilte; agus

(b) go bhfuil íosdálaí oibriúcháin an aeradróim atá roghnaithe comhsheasmhach leis an méid seo a leanas:

(1) an trealamh talún atá in úsáid;;

(2) na córais aerárthaigh atá in úsáid;;

(3) feidhmíocht an aerárthaigh;

(4) cáilíochtaí na foirne eitilte.";

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe CAT.OP.MPA.300:

"**CAT.OP.MPA.300 Coinníollacha ascnaimh agus tuirlingthe**

Sula dtosóidh an ceannasaí ar oibríocht ascnaimh, beidh sé sásta go bhfuil an méid seo a leanas fíor:

(a) nach gcuirfidh na dálaí meitéareolaíochta ag an aeradróm nó ag an láithreán oibriúcháin agus riocht an rúidbhealaigh/FATO atá beartaithe a úsáid cosc ar ascnamh sábháilte, tuirlingt nó dul timpeall, agus an fhaisnéis feidhmíochta atá sa lámhleabhar oibríochtaí á cur san áireamh; agus

(b) go bhfuil íosdálaí oibriúcháin an aeradróim atá roghnaithe comhsheasmhach leis an méid seo a leanas:

(1) an trealamh talún atá in úsáid;

(2) na córais aerárthaigh atá in úsáid;;

(3) feidhmíocht an aerárthaigh;

(4) cáilíochtaí na foirne eitilte.";

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe CAT.OP.MPA.305:

"**CAT.OP.MPA.305Tús a chur le hascnamh agus leanúint leis**

(a) I gcás na n-eitleán, más lú an léargas (VIS) a thuairiscítear maidir leis an rúidbhealach a úsáidfear sa tuirlingt, nó RVR rialaithe an rúidbhealaigh sin, ná an íosdáil infheidhme, ní leanfar le hoibríocht ascnaimh uirlisí:

(1) thar phointe ag a bhfuil an héileacaptar 1 000 troigh os cionn airde an aeradróim ó leibhéal na mara; nó

(2) i ndeighleog an ascnaimh deiridh (FAS), más airde ná 1 000 troigh an DH nó an MDH.

(b) I gcás na héileacaptar, más lú ná 550 m an RVR a thuairiscítear agus más lú ná an íosdáil infheidhme RVR rialaithe an rúidbhealaigh a úsáidfear sa tuirlingt, ní leanfar le hoibríocht ascnaimh uirlisí:

(1) thar phointe ag a bhfuil an héileacaptar 1 000 troigh os cionn airde an aeradróim ó leibhéal na mara; nó

(2) isteach sa FAS, más airde ná 1 000 troigh an DH nó an MDH.

(c) Mura suitear an amharcthagairt is gá, cuirfear ascnamh iomraill i bhfeidhm ag an DA/H nó ag an MDA/H, nó roimhe sin.

(d) Mura gcoimeádfar an amharcthagairt is gá tar éis an DA/H nó an MDA/H, cuirfear dul timpeall i bhfeidhm go pras.

(e) D'ainneoin phointe (a), más amhlaidh nach dtuairiscítear RVR, agus más lú an VIS a thuairiscítear ná an íosdáil is infheidhme, ach más ionann an léargas meitéareolaíoch tiontaithe (CMV) leis an íosdáil is infheidhme nó níos mó ná é, féadfar leanúint leis an ascnamh uirlisí go dtí an DA/H nó MDA/H.";

(k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe CAT.OP.MPA.310:

"**CAT.OP.MPA.310Nósanna imeachta oibriúcháin — airde thrasnaithe tairsí — eitleáin**

Bunóidh an t-oibreoir nósanna imeachta oibríochta atá deartha chun a áirithiú go dtrasnaíonn eitleán a bhfuil oibríochtaí ascnaimh uirlisí 3D á ndéanamh aige tairseach an rúidbhealaigh le corrlach sábháilte, agus an t-eitleán sa chumraíocht agus sa tsainstiúir tuirlingthe.";

(l) cuirtear pointe CAT.OP.MPA.312 seo a leanas isteach:

"**CAT.OP.MPA.312Oibríochtaí EFVS 200**

(a) An t-oibreoir a bhfuil sé beartaithe aige oibríochtaí EFVS 200 a dhéanamh, áiritheoidh sé an méid seo a leanas:

(1) go bhfuil an t-aerárthach deimhnithe le haghaidh na n-oibríochtaí atá beartaithe;

(2) nach n-úsáidtear ach rúidbhealaigh, FATO agus nósanna imeachta ascnaimh uirlisí (IPAnna) atá oiriúnach d'oibríochtaí EFVS;

(3) go bhfuil na baill den fhoireann eitilte inniúil ar an oibríocht a bheartaítear agus go bhfuil clár oiliúna agus seiceála bunaithe le haghaidh na mball den fhoireann eitilte agus le haghaidh an phearsanra ábharaigh a mbeidh baint acu le hullmhú na heitilte;

(4) go mbunaítear nósanna imeachta oibriúcháin;

(5) go ndéantar doiciméadú sa liosta de threalamh íosta (MEL) ar aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar;

(6) go ndéantar doiciméadú sa chlár cothabhála ar aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar;

(7) go ndéantar measúnuithe sábháilteachta agus go mbunaítear táscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar leibhéal sábháilteachta na hoibríochta; agus

(8) go dtugtar acmhainneacht an chórais atá in úsáid san áireamh sna híosdálaí oibriúcháin aeradróim.

(b) Ní dhéanfaidh an t-oibreoir oibríochtaí EFVS 200 agus oibríochtaí LVO á ndéanamh aige.

(c) D'ainneoin phointe (a)(1), féadfaidh an t-oibreoir úsáid a bhaint as EVSanna a chomhlíonann na híoschrítéir le haghaidh oibríochtaí EFVS 200, ar choinníoll go mbeidh formheas tugtha dó sin ag an údarás inniúil.".

(5) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Fhochuid E: "Oibríochtaí faoi dhálaí drochléargais (LVOnna) agus oibríochtaí lena mbaineann creidmheasanna oibríochtúla;";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SPA.LVO.100:

"SPA.LVO.100 Oibríochtaí faoi dhálaí drochléargais nó oibríochtaí lena mbaineann creidmheasanna oibríochtúla;

Ní dhéanfaidh an t-oibreoir na hoibríochtaí seo a leanas ach amháin má fhormheasann an t-údarás inniúil iad:

(a) oibríochtaí éirí de thalamh a bhfuil coinníollacha léargais acu atá níos lú ná 400 m RVR;

(b) oibríochtaí ascnaimh uirlisí i ndálaí drochléargais; agus

(c) oibríochtaí lena mbaineann creidmheasanna oibríochtúla, seachas oibríochtaí EFVS 200, nach mbeidh faoi réir formheas sonrach.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SPA.LVO.105:

"SPA.LVO.105 Critéir shonracha formheasa

Chun formheas sonrach a fháil de réir mar a cheanglaítear in SPA.LVO.100, léireoidh an t-oibreoir an méid seo a leanas:

(a) i gcás oibríochtaí ascnaimh drochléargais, oibríochtaí LVTO in RVR níos lú ná 125 m, agus oibríochtaí lena mbaineann creidmheasanna oibríochtúla, go mbeidh an t-aerárthach deimhnithe i gcomhair na n-oibríochtaí atá beartaithe;

(b) go bhfuil na baill den fhoireann eitilte inniúil ar an oibríocht a bheartaítear agus go bhfuil clár oiliúna agus seiceála bunaithe le haghaidh na mball den fhoireann eitilte agus le haghaidh an phearsanra ábharaigh a mbeidh baint acu le hullmhú na heitilte, i gcomhréir le SPA.LVO.120;

(c) go bhfuil nósanna imeachta oibriúcháin bunaithe le haghaidh na n-oibríochtaí atá beartaithe;

(d) go ndearnadh aon athrú ábhartha ar an liosta de threalamh íosta (MEL);

(e) go ndearnadh aon athrú iomchuí ar an gclár cothabhála;

(f) gur bunaíodh nósanna imeachta chun oiriúnacht aeradróm, lena n-áirítear nósanna imeachta eitilte uirlisí, a áirithiú le haghaidh na n-oibríochtaí atá beartaithe, i gcomhréir le SPA.LVO.110; agus

(g) go ndearnadh measúnú sábháilteachta maidir leis na hoibríochtaí atá beartaithe agus gur bunaíodh táscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar an leibhéal sábháilteachta.";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SPA.LVO.110:

"SPA.LVO.110 Ceanglais a bhaineann le haeradróim, lena n-áirítear nósanna imeachta eitilte uirlisí

Áiritheoidh an t-oibreoir nach n-úsáidfear ach aeradróim, lena n-áirítear nósanna imeachta eitilte uirlisí, atá oiriúnach do na hoibríochtaí atá beartaithe le haghaidh LVOnna agus oibríochtaí lena mbaineann creidmheasanna oibríochta.";

(e) scriostar pointe SPA.LVO.115;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SPA.LVO.120:

"SPA.LVO.120 Inniúlacht na foirne eitilte

(a) Áiritheoidh an t-oibreoir go bhfuil an fhoireann eitilte inniúil ar na hoibríochtaí atá beartaithe a dhéanamh.

(b) Áiritheoidh an t-oibreoir go gcuirfidh gach ball den fhoireann eitilte oiliúint agus seiceáil i gcrích go rathúil le haghaidh gach cineál LVOnna agus oibríochtaí lena mbaineann creidmheasanna oibríochta ar tugadh formheas ina leith. Beidh an méid seo a leanas fíor faoin oiliúint agus seiceáil sin:

(1) beidh oiliúint agus seiceáil tosaigh agus thréimhsiúil san áireamh leo;

(2) beidh gnáthnósanna imeachta, nósanna imeachta neamhghnácha agus nósanna imeachta éigeandála san áireamh leo;

(3) cuirfear in oiriúint iad don chineál teicneolaíochtaí a úsáidtear sna hoibríochtaí atá beartaithe; agus

(4) cuirfear san áireamh leo na rioscaí i leith fachtóirí daonna a bhaineann leis na hoibríochtaí atá beartaithe.

(c) Coinneoidh an t-oibreoir taifid ar oiliúint agus ar cháilíochtaí na mball den fhoireann eitilte.

(d) Is pearsanra atá cáilithe go hiomchuí a dhéanfaidh an oiliúint agus an tseiceáil. I gcás oiliúint agus seiceáil eitilte agus eitilte insamhalta, beidh an pearsanra a chuireann oiliúint ar fáil agus a dhéanann na seiceálacha cáilithe i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid-FCL) a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1178/2011.";

(g) i bpointe SPA.NVIS.120, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) Ní dhéanfar oibríochtaí faoi bhun na n-íosdálaí aimsire i gcás chineál na n-oibríochtaí oíche atá á ndéanamh.";

(h) i bpointe SPA.HOFO.120, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) *Aeradróm malartach cinn scríbe ar tír.* D'ainneoin phointí CAT.OP.MPA.192, NCC.OP.152 agus SPO.OP.151, ní gá don phíolóta i gceannas/don cheannasaí aeradróm malartach cinn scríbe a shonrú sa phlean eitilte oibríochtúil agus eitiltí á seoladh ó shuíomh eischósta chuig aeradróm cinn scríbe ar choinníoll go bhfuil teagmhas oibríochtúil leordhóthanach ann chun filleadh sábháilte ón gcósta a áirithiú.";

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SPA.HOFO.125:

"**SPA.HOFO.125 Nósanna imeachta caighdeánacha ascnaimh eischósta (OSAPanna)**

(a) Ní bhunóidh an t-oibreoir nósanna imeachta chun a áirithiú nach leanfar nósanna imeachta caighdeánacha ascnaimh eischósta (OSAPanna) ach amháin más fíor an méid seo a leanas:

(1) go bhfuil an héileacaptar in ann loingseoireacht agus faisnéis fíor-ama ar thimpeallacht constaicí a chur ar fáil chun constaicí a ghlanadh; agus

(2) cibé acu:

(i) go gcinnfear an íosairde ísliúcháin os cionn na talún (MDH) ó airdemhéadar raidió nó ó fheiste lena soláthraítear feidhmíocht choibhéiseach; nó

(ii) go gcuirtear an íosairde ísliúcháin os cionn na mara (MDA) i bhfeidhm agus go bhfuil corrlach leordhóthanach san áireamh leis sin.

(b) Má leanann an t-oibreoir OSAPanna chuig rigí nó soithí faoi bhealach, déanfar an eitilt in oibríochtaí ilphíolóta.

(c) Soláthróidh an raon cinnidh glanadh constaicí leordhóthanach san ascnamh iomraill ó aon cheann scríbe a bhfuil OSAP beartaithe ina leith.

(d) Ní leanfar leis an ascnamh thar an raon cinnidh nó faoi bhun an íosairde ísliúcháin os cionn na mara/os cionn na talún (MDA/H) i gcás ina mbeidh amharcthagairt don cheann scríbe suite.

(e) I gcás oibríochtaí aonphíolóta, cuirfear incrimintí iomchuí leis an MDA/H agus leis an raon cinnteoireachta.

(f) Nuair a leantar OSAP go dtí suíomh seasta eischósta (i.e. suiteáil sheasta nó soitheach feistithe) agus nuair atá suíomh iontaofa GNSS don suíomh ar fáil sa chóras loingseoireachta, úsáidfear an córas loingseoireachta GNSS/limistéir chun sábháilteacht an OSAP a fheabhsú.

(g) Cuirfidh an t-oibreoir OSAPanna san áireamh ina chláir oiliúna agus seiceála tosaigh agus thréimhsiúla.";

(j) cuirtear an Fhochuid N seo a leanas leis:

"FOCHUID N

ASCNAIMH AGUS IMEACHTAÍ HÉILEACAPTAIR I dTREO POINTE SA SPÁS LE hÍOSDÁLAÍ VFR LAGHDAITHE (PINS-VFR)

SPA.PINS-VFR.100Ascnaimh agus imeachtaí héileacaptair (PinS) i dtreo pointe sa spás le híosdálaí VFR laghdaithe

(a) Ní úsáidfidh an t-oibreoir íosdálaí laghdaithe VFR ach amháin má tá formheas deonaithe don oibreoir ag an údarás inniúil.

(b) Ní bheidh feidhm ag íosdálaí oibriúcháin VFR laghdaithe ach amháin maidir le heitilt héileacaptair lena n-áirítear deighleog a eitlíodh faoi IFR, agus i gceann amháin de na cásanna seo a leanas amháin:

(1) tugtar faoi dheighleog na heitilte a eitlíodh faoi VFR díreach tar éis ascnamh héileacaptair PinS agus é d'aidhm aige tuirlingt ag calafort nó ag láithreán oibriúcháin atá in aice láimhe;

(2) tugtar faoi dheighleog na heitilte faoi VFR díreach tar éis ascnamh héileacaptair PinS agus é d'aidhm aige oibríochtaí ardaitheora a dhéanamh ag suíomh HEC nó HHO in aice láimhe;

(3) is é atá i ndeighleog na heitilte faoi VFR imeacht a bhfuil sé d'aidhm aige aistriú chuig IFR ag an suíomh imeachta tosaigh in aice láimhe.

(c) Saineoidh an t-oibreoir nósanna imeachta oibriúcháin is infheidhme agus é ag eitilt le híosdálaí oibriúcháin VFR laghdaithe.

(d) Áiritheoidh an t-oibreoir go bhfuil taithí agus oiliúint ar na baill den fhoireann eitilte maidir le híosdálaí oibriúcháin VFR laghdaithe a oibriú.".

(6) Leasaítear Iarscríbhinn VI mar a leanas:

(a) cuirtear pointe NCC.OP.101 seo a leanas isteach:

"**NCC.OP.101 Seiceáil agus socruithe an airdemhéadair**

(a) Bunóidh an t-oibreoir nósanna imeachta um sheiceáil an airdemhéadair roimh gach imeacht.

(b) Bunóidh an t-oibreoir nósanna imeachta um choigeartuithe an airdemhéadair le haghaidh gach céime den eitilt agus cuirfear san áireamh sna nósanna imeachta sin na nósanna imeachta a bheidh bunaithe ag Stát an aeradróim nó ag Stát an aerspáis, más infheidhme.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCC.OP.110:

"NCC.OP.110 Íosdálaí oibriúcháin aeradróim – ginearálta

(a) Bunóidh an t-oibreoir íosdálaí oibriúcháin aeradróim le haghaidh gach aeradróim imeachta, cinn scríbe nó malartaigh a mbeartaítear a úsáid chun deighilt an aerárthaigh ón tír-raon agus ó chonstaicí a áirithiú agus chun an riosca a mhaolú go gcaillfí amharcthagairtí le linn dheighleog amharceitilte na n-oibríochtaí ascnaimh uirlisí.

(b) Cuirfear gach ceann de na heilimintí seo a leanas san áireamh sa mhodh a úsáidfear chun íosdálaí oibriúcháin aeradróim a bhunú:

(1) cineál, feidhmíocht agus saintréithe ionramhála an aerárthaigh;

(2) an trealamh atá ar fáil ar an aerárthach chun críoch na loingseoireachta, aimsiú na n-amharcthagairtí, agus/nó rialú an ruthaig eitilte le linn éirí de thalamh, ascnaimh, tuirlingthe, agus ascnamh iomraill;

(3) aon choinníoll nó teorainn a luaitear i lámhleabhar eitilte an aerárthaigh (AFM);

(4) toisí agus saintréithe na rúidbhealaí/na limistéar ascnaimh deiridh agus éirí de thalamh (FATOnna) a bhféadfaí a roghnú lena n-úsáid;

(5) leordhóthanacht agus feidhmíocht na n-áiseanna amhairc agus neamhamhairc agus an bhonneagair atá ar fáil;

(6) an airde glanta constaicí ó leibhéal na mara/na talún (OCA/H) le haghaidh na nósanna imeachta ascnaimh uirlisí (IAPanna);

(7) na constaicí sna limistéir dhreaptha agus na glanspáis is gá;

(8) aon saintréith neamhchaighdeánach de chuid an aeradróim, an IAP nó na timpeallachta;

(9) comhdhéanamh na foirne eitilte, a n-inniúlacht agus a gcuid taithí;

(10) an IAP;

(11) saintréithe an aeradróim agus na seirbhísí aerloingseoireachta (ANS) atá ar fáil;

(12) aon íosdálaí a fhógróidh Stát an aeradróim;

(13) na coinníollacha a leagtar síos in aon fhormheas sonrach le haghaidh oibríochtaí drochléargais (LVOnna) nó le haghaidh oibríochtaí lena mbaineann creidmheasanna oibríochtúla; agus

(14) an taithí oibríochtúil ábhartha atá ag an oibreoir.

(c) Sonróidh an t-oibreoir modh lena gcinnfear na híosdálaí oibriúcháin aeradróim sa lámhleabhar oibríochta.";

(c) scriostar pointe NCC.OP.111;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCC.OP.112:

"**NCC.OP.112 Íosdálaí oibriúcháin aeradróim – oibríochtaí ciorclaithe le heitleáin**

(a) Ní bheidh an MDH le haghaidh oibríocht ascnaimh ciorclaithe in eitleáin níos ísle ná an ceann is airde díobh seo a leanas:

(1) an OCH ciorclaithe a foilsíodh le haghaidh chatagóir an eitleáin;

(2) an íosairde ciorclaithe a gheofar ó Thábla 1; nó

(3) an DH/MDH a bhaineann leis an IAP a úsáideadh roimhe sin.

(b) Is é an t-íosléargas le haghaidh oibríocht ascnaimh ciorclaithe in eitleáin an ceann is airde díobh seo a leanas:

(1) an léargas ciorclaithe le haghaidh chatagóir an eitleáin, má foilsíodh; nó

(2) an t-íosléargas a gheofar ó Thábla 1.

Tábla 1

MDH agus íosléargas ciorclaithe de réir chatagóir eitleáin

	Catagóir an eitleáin			
	A	B	C	D
MDH (troithe)	400	500	600	700
Íosléargas (m)	1 500	1 600	2 400	3 600";

(e) i bpointe NCC.OP.145, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) Sula gcuirfidh sé tús le heitilt, beidh an píolóta i gceannas eolach ar an bhfaisnéis mheitéareolaíochta uile a bheidh ar fáil agus a bhaineann leis an eitilt atá beartaithe. Cumhdóidh an t-ullmhúchán le haghaidh eitilt ó chóngar na háite imeachta, agus le haghaidh gach eitilte faoi IFR, an méid seo a leanas:

(1) staidéar ar na tuarascálacha agus na réamhaisnéisí meitéareolaíochta reatha a bheidh ar fáil; agus

(2) plean gníomhaíochta malartach a ullmhú chun foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht nach féidir an eitilt a chur i gcrích mar a bhí beartaithe de dheasca dálaí meitéareolaíochta.";

(f) cuirtear na pointí NCC.OP.147 agus NCC.OP.148 seo a leanas isteach:

"NCC.OP.147 Íosdálaí pleanála le haghaidh aeradróm malartach cinn scríbe — eitleáin

Ní shonrófar aeradróm mar aeradróm malartach cinn scríbe ach amháin más léir ón bhfaisnéis mheitéareolaíochta reatha a bheidh ar fáil gurb ann don mhéid seo a leanas ar feadh na tréimhse ó 1 uair an chloig roimh an am teachta measta go dtí 1 uair an chloig dá éis sin, nó ón am imeachta iarbhír go dtí 1 uair an chloig tar éis an am teachta measta, cibé acu tréimhse is giorra:

(a) i gcás aeradróm malartach mar a bhfuil oibríocht ascnaimh uirlisí ar fáil agus an DH níos ísle ná 250 troigh,

(1) síleáil 200 troigh ar a laghad os cionn an DH nó an MDH a bhaineann leis an oibríocht ascnaimh uirlisí; agus

(2) an luach is airde den dá luach seo a leanas, ar a laghad, a bheith ann mar léargas: 1 500 m nó 800 m níos mó ná íosdálaí RVR/léargas na hoibríochta ascnaimh uirlisí; nó

(b) i gcás aeradróm malartach ag a bhfuil oibríocht ascnaimh uirlisí DH nó MDH 250 troigh nó níos mó,

(1) síleáil 200 troigh ar a laghad os cionn an DH nó an MDH a bhaineann leis an oibríocht ascnaimh uirlisí; agus

(2) léargas 3 000 m ar a laghad. nó

(c) i gcás aeradróm malartach gan nós imeachta ascnaimh uirlisí,

(1) síleáil 2 000 troigh nó an íosairde sábháilte IFR ar laghad, cibé acu is airde; agus

(2) léargas 5 000 m. ar a laghad;

NCC.OP.148 Íosdálaí pleanála maidir le haeradróim mhalartacha cinn scríbe — héileacaptair

Ní roghnóidh an t-oibreoir aeradróm mar aeradróm malartach cinn scríbe ach amháin má léirítear an méid seo a leanas le faisnéis mheitéareolaíochta reatha a bheidh ar fáil, ar feadh na tréimhse ó 1 uair an chloig roimh an am teachta measta go dtí 1 uair an chloig tar éis sin, nó ón am imeachta iarbhír go dtí 1 uair an chloig tar éis an ama teachta mheasta, cibé acu tréimhse is giorra:,

(a) i gcás aeradróm malartach ag a bhfuil nós imeachta ascnaimh uirlisí (IAP):

(1) síleáil 200 troigh ar a laghad os cionn an DH nó an MDH a bhaineann leis an IAP; agus

(2) léargas 1 500 m, ar a laghad, de lá nó 3 000 m, ar a laghad, d'oíche; nó

(b) i gcás aeradróm malartach gan IAP:

(1) síleáil 2 000 troigh ar a laghad nó an íosairde shábháilte IFR — cibé acu is airde; agus

(2) léargas 1 500 m, ar a laghad, de lá nó 3 000 m, ar a laghad, d'oíche.";

(g) i bpointe NCC.OP.150, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) I gcás eitiltí IFR, más amhlaidh atá na dálaí meitéareolaíochta ag an aeradróm imeachta ar aon dul leis na híosdálaí oibriúcháin aeradróim is infheidhme, nó ar dhul is measa ná sin, nó murarbh fhéidir filleadh ar an aeradróm imeachta ar chúiseanna eile, sonróidh an píolóta i gceannas, sa phlean eitilte, aeradróm malartach éirí de thalamh amháin ar a laghad atá inúsáidte de réir na haimsire.";

(h) i bpointe NCC.OP.180, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

"(a) Ní chuirfidh an píolóta i gceannas tús le heitilt VFR ná ní leanfaidh d'eitilt VFR ach amháin más léir ón bhfaisnéis mheitéareolaíochta is déanaí a bheidh ar fáil gur ar aon dul leis na híosdálaí oibriúcháin VFR infheidhme, nó ar dhul is fearr ná sin, a bheidh na dálaí meitéareolaíochta ar feadh an bhealaigh agus ag an gceann scríbe beartaithe ag an am úsáidte measta.

(b) Ní chuirfidh an píolóta i gceannas tús le heitilt IFR ná ní leanfaidh d'eitilt IFR ionsar an aeradróm cinn scríbe beartaithe ach amháin más léir ón bhfaisnéis mheitéareolaíochta is déanaí a bheidh ar fáil gurb é mar a bheidh, ag an am teachta measta, gur ar aon dul leis na híosdálaí oibriúcháin aeradróim infheidhme, nó ar dhul is fearr ná sin, a bheidh na dálaí meitéareolaíochta ag an gceann scríbe nó ag aeradróm malartach cinn scríbe amháin ar a laghad';

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCC.OP.195:

"**NCC.OP.195 Dálaí éirí de thalamh — eitleáin agus héileacaptair**

Sula gcuirfidh an píolóta i gceannas tús leis an éirí de thalamh, ní mór dó bheith sásta:

(a) nach gcuirfidh na dálaí meitéareolaíochta ag an aeradróm nó ag an láithreán oibriúcháin ná staid an rúidbhealaigh/FATO is beartaithe a úsáid cosc ar éirí de thalamh agus imeacht sábháilte; agus

(b) go bhfuil íosdálaí oibriúcháin an aeradróim atá roghnaithe comhsheasmhach leis an méid seo a leanas uile:

(1) an trealamh talún atá in úsáid,

(2) na córais aerárthach atá in úsáid;

(3) feidhmíocht an aerárthaigh;

(4) cáilíochtaí na foirne eitilte.";

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCC.OP.225:

"NCC.OP.225 Dálaí ascnaimh agus tuirlingthe — eitleáin agus héileacaptair

Sula gcuirfidh an píolóta i gceannas tús le hoibríocht ascnaimh, ní mór dó bheith sásta:

(a) ag féachaint don fhaisnéis feidhmíochta atá sa lámhleabhar oibríochta, nach gcuirfidh na dálaí meitéareolaíochta ag an aeradróm nó ag an láithreán oibriúcháin, ná staid an rúidbhealaigh/FATO is beartaithe a úsáid, cosc ar ascnamh, tuirlingt nó dul timpeall sábháilte; agus

(b) go bhfuil íosdálaí oibriúcháin an aeradróim atá roghnaithe comhsheasmhach leis an méid seo a leanas ar fad:

(1) an trealamh talún atá in úsáid;

(2) na córais aerárthach atá in úsáid;

(3) feidhmíocht an aerárthaigh; agus

(4) cáilíochtaí na foirne eitilte.";

(k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCC.OP.230:

"NCC.OP.230 Tosú agus leanúint an ascnaimh

(a) I gcás eitleán, más lú ná na híosdálaí is infheidhme an léargas (VIS) nó an RVR rialaithe a thuairiscítear maidir leis an rúidbhealach atá le húsáid sa tuirlingt, ní leanfar d'oibríocht ascnaimh uirlisí:

(1) thar phointe ag a bhfuil an t-eitleán 1 000 troigh os cionn airde an aeradróim; nó

(2) isteach i ndeighleog an ascnaimh deiridh (FAS), más airde ná 1 000 troigh an DH nó an MDH.

(b) I gcás héileacaptar, más lú ná 550 m an RVR a thuairiscítear agus más lú ná na híosdálaí is infheidhme an RVR rialaithe maidir leis an rúidbhealach atá le húsáid sa tuirlingt, ní leanfar d'oibríocht ascnaimh uirlisí:

(1) thar phointe ag a bhfuil an héileacaptar 1 000 troigh os cionn airde an aeradróim; nó

(2) isteach sa FAS más airde ná 1 000 troigh an DH nó an MDH.

(c) Mura suífear an amharcthagairt is gá, cuirfear ascnamh iomraill i bhfeidhm ag an DA/H nó ag an MDA/H, nó roimhe sin.

(d) Mura gcoimeádfar an amharcthagairt is gá i ndiaidh an DA/H nó an MDA/H, cuirfear dul timpeall i bhfeidhm go pras.

(e) D'ainneoin phointe (a), más amhlaidh nach dtuairiscítear aon RVR, agus más lú an VIS a thuairiscítear ná an íosdáil infheidhme, ach más mó an léargas meitéareolaíochta tiontaithe (CMV) ná an íosdáil infheidhme, féadfar leanúint den ascnamh uirlisí go dtí an DA/H nó an MDA/H.

(f) D'ainneoin phointí (a) agus (b), más rud é nach bhfuil sé ar intinn ar aon chor tuirlingt, féadfar leanúint den ascnamh uirlisí go dtí an DA/H nó an MDA/H. Cuirfear ascnamh iomraill i bhfeidhm ag an DA/H nó ag an MDA/H, nó roimhe sin.";

(l) cuirtear an pointe NCC.OP.235 seo a leanas isteach:

"NCC.OP.235 Oibríochtaí EFVS 200

(a) Aon oibreoir a bheartóidh oibríochtaí EFVS 200 a dhéanamh faoi chreidmheasanna oibríochtúla agus gan formheas sonrach, áiritheoidh sé an méid seo a leanas:

(1) go bhfuil an t-aerárthach deimhnithe le haghaidh na n-oibríochtaí beartaithe;

(2) nach n-úsáidtear ach rúidbhealaí, FATOnna agus IAPanna a oireann d'oibríochtaí EFVS;

(3) go bhfuil baill na foirne eitilte inniúil chun an oibríocht atá beartaithe a dhéanamh, agus go mbunaítear clár oiliúna agus seiceála do bhaill na foirne eitilte agus do bhaill foirne ábhartha a bhfuil baint acu le hullmhú na heitilte;

(4) go mbunaítear nósanna imeachta oibríochta;

(5) go ndéantar an fhaisnéis ábhartha a dhoiciméadú sa liosta de threalamh íosta (MEL);

(6) go ndéantar an fhaisnéis ábhartha a dhoiciméadú sa chlár cothabhála;

(7) go ndéantar measúnuithe sábháilteachta agus go mbunaítear táscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar leibhéal sábháilteachta na hoibríochta; agus

(8) go gcuirtear acmhainneacht an chórais atá in úsáid san áireamh sna híosdálaí oibriúcháin aeradróim.

(b) Ní dhéanfaidh an t-oibreoir oibríochtaí EFVS 200 agus LVOnna á ndéanamh aige.

(c) D'ainneoin phointe (a)(1), féadfaidh an t-oibreoir EVSanna a chomhlíonann na híoschritéir a úsáid chun oibríochtaí EFVS 200 a dhéanamh, ar choinníoll go mbeidh formheas tugtha dó sin ag an údarás inniúil.".

(7) Leasaítear Iarscríbhinn VIII mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe NCO.OP.101 seo a leanas isteach

"**NCO.OP.101 Seiceáil agus socruithe airdemhéadair**

(a) Seiceálfaidh an píolóta i gceannas oibriú ceart an airdemhéadair roimh gach imeacht.

(b) Úsáidfidh an píolóta i gceannas socruithe iomchuí airdemhéadair le haghaidh gach céim den eitilt, agus aon nós imeachta a bheidh forordaithe ag Stát an aeradróim nó ag Stát an aerspáis á chur san áireamh.";

(b) scriostar pointe NCO.OP.105;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí NCO.OP.110, NCO.OP.111 agus NCO.OP.112:

"NCO.OP.110 Íosdálaí oibriúcháin aeradróim — eitleáin agus héileacaptair

(a) I gcás eitiltí rialacha um eitilt de réir uirlisí (IFR), bunóidh an píolóta i gceannas íosdálaí oibriúcháin aeradróim le haghaidh gach aeradróim imeachta, cinn scríbe nó mhalartaigh a bheartaítear a úsáid chun deighilt an aerárthaigh ón tír-raon agus ó chonstaicí a áirithiú agus chun an riosca a mhaolú go gcaillfí amharcthagairtí le linn dheighleog amharceitilte na n-oibríochtaí ascnaimh uirlisí.

(b) Cuirfear na heilimintí seo a leanas san áireamh sna híosdálaí oibriúcháin aeradróim, más ábhartha:

(1) cineál, feidhmíocht agus saintréithe ionramhála an aerárthaigh;

(2) an trealamh atá ar fáil ar an aerárthach chun críocha na loingseoireachta, aimsiú na n-amharcthagairtí, agus/nó rialú an ruthaig eitilte le linn éirí de thalamh, ascnaimh, tuirlingthe, agus ascnamh iomraill;

(3) aon choinníollacha nó teorainneacha a luaitear i lámhleabhar eitilte an aerárthaigh (AFM);

(4) toisí agus saintréithe na rúidbhealaí/na limistéar ascnaimh deiridh agus éirí de thalamh (FATOnna) a d'fhéadfaí a roghnú lena n-úsáid;

(5) leoroiriúnacht agus feidhmíocht na n-áiseanna amhairc agus neamhamhairc agus an bhonneagair atá ar fáil;

(6) an airde glanta constaicí ó leibhéal na mara/na talún (OCA/H) le haghaidh na nósanna imeachta ascnaimh le huirlisí (IAPanna), má tá sé leagtha síos;

(7) na constaicí sna limistéir dhreaptha agus na glanspáis;

(8) inniúlacht agus taithí oibríochtúil ábhartha an phíolóta i gceannas;

(9) an IAP, má tá sé leagtha síos;

(10) saintréithe an aeradróim agus cineál na seirbhísí aerloingseoireachta (ANS) atá ar fáil, más ann dóibh;

(11) aon íosdálaí a fhógróidh Stát an aeradróim;

(12) na coinníollacha a leagtar síos in aon fhormheas sonrach le haghaidh oibríochtaí drochléargais (LVOnna) nó le haghaidh oibríochtaí faoi chreidmheasanna oibríochtúla.;

NCO.OP.111 Íosdálaí oibriúcháin aeradróim — oibríochtaí ascnaimh 2D agus 3D

(a) An airde cinnidh (DH) a bheidh le húsáid le haghaidh oibríocht ascnaimh 3D nó oibríocht ascnaimh 2D a eitlítear le teicníc ísliúchán leanúnach an ascnaimh dheiridh (CDFA), ní bheidh sí níos lú ná an ceann is airde díobh seo a leanas:

(1) an airde glanta constaicí (OCH) maidir leis an gcatagóir aerárthaigh;

(2) an nós imeachta ascnaimh DH a foilsíodh nó an íosairde ísliúcháin os cionn na talún (MDH), i gcás inarb infheidhme;

(3) na híosdálaí córais a shonraítear i dTábla 1;

(4) an DH íosta atá sonraithe san AFM nó i ndoiciméad coibhéiseach, má luaitear é.

(b) An MDH le haghaidh oibríocht ascnaimh 2D a eitlítear gan an teicníc CDFA, ní bheidh sé níos ísle ná an ceann is airde díobh seo a leanas:

(1) an OCH maidir leis an gcatagóir aerárthaigh;

(2) an nós imeachta ascnaimh MDH a foilsíodh, i gcás inarb infheidhme;

(3) an íosdáil córais a shonraítear i dTábla 1; nó

(4) an MDH íosta atá sonraithe san AFM, má luaitear é.

Tábla 1

Íosdálaí córais

Saoráid	DH/MDH is ísle (troithe)
ILS/MLS/ GLS	200
GNSS/SBAS (LPV)	200
Radar ascnaimh bheacht (PAR)	200
GNSS/SBAS (LP)	250
GNSS (LNAV)	250
GNSS/Baro-VNAV (LNAV/VNAV)	250
Ascnamh héileacaptair i dtreo pointe sa spás	250
LOC le DME nó gan DME	250
SRA (ag críochnú ag ½ NM)	250
SRA (ag críochnú ag 1 NM)	300
SRA (ag críochnú ag 2 NM nó níos mó)	350
VOR	300
VOR/DME	250
NDB	350
NDB/DME	300
VDF	350”;

NCO.OP.112 Íosdálaí oibriúcháin aeradróim — oibríochtaí ciorclaithe i gcás eitleán

(a) Ní bheidh an MDH le haghaidh oibríochta ascnaimh ciorclaithe in eitleáin níos ísle ná an ceann is airde díobh seo a leanas:

(1) an OCH ciorclaithe a foilsíodh le haghaidh chatagóir an eitleáin;

(2) an íosairde ciorclaithe arna dhíorthú ó Thábla 1; nó

(3) an DH/MDH a bhaineann leis an IAP a úsáideadh roimhe sin.

(b) Is é an t-íosléargas le haghaidh oibríocht ascnaimh ciorclaithe i gcás eitleán an ceann is airde díobh seo a leanas:

(1) an léargas ciorclaithe le haghaidh chatagóir an eitleáin, má foilsíodh sin; nó

(2) an t-íosléargas arna dhíorthú ó Thábla 1.

Tábla 1

MDH agus íosléargas ciorclaithe de réir catagóir eitleáin

	Catagóir an eitleáin			
	A	B	C	D
MDH (troithe)	400	500	600	700
Íosléargas (m)	1 500	1 500	2 400	3 600”;

(d) i bpointe NCO.OP.135, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) Sula gcuirfidh sé tús le heitilt, cuirfidh an píolóta eolas ar an bhfaisnéis mheitéareolaíochta uile a bheidh ar fáil agus a bhaineann leis an eitilt bheartaithe. Cuimseoidh an t-ullmhúchán le haghaidh eitilt ó chóngar na háite imeachta, agus le haghaidh gach eitilte faoi IFR:

(1) staidéar ar na tuarascálacha agus ar na réamhaisnéisí meitéareolaíochta reatha a bheidh ar fáil; agus

(2) plean gníomhaíochta malartach a ullmhú i gcás nach féidir an eitilt a chur i gcrích mar a bhí beartaithe de dheasca dálaí meitéareolaíochta.”;

(e) cuirtear an méid a leanas in ionad phointí NCO.OP.140, NCO.OP.141 agus NCO.OP.142:

“**NCO.OP.140 Aeradróim mhalartacha cinn scríbe — eitleáin**

I gcás eitiltí IFR sonróidh an píolóta i gceannas aeradróm malartach cinn scríbe amháin ar a laghad sa phlean eitilte, ach amháin más léir ón bhfaisnéis mheitéareolaíochta reatha a bheidh ar fáil maidir leis an gceann scríbe, ar feadh na tréimhse ó 1 uair an chloig roimh an am teachta measta go dtí 1 uair an chloig tar éis sin, nó ar feadh na tréimhse ón am imeachta iarbhír go dtí 1 uair an chloig tar éis an ama teachta mheasta, cibé tréimhse acu is giorra, go mbeidh síleáil 1 000 troigh ar a laghad os cionn an DH/MDH ann le haghaidh nós imeachta ascnaimh uirlisí (IAP) a bheidh ar fáil, chomh maith le léargas 5 000 m ar a laghad.

NCO.OP.141 Aeradróim mhalartacha cinn scríbe — héileacaptair

I gcás eitiltí IFR sonróidh an píolóta i gceannas aeradróm malartach cinn scríbe amháin ar a laghad sa phlean eitilte, ach amháin más léir ón bhfaisnéis mheitéareolaíochta reatha a bheidh ar fáil maidir leis an gceann scríbe, ar feadh na tréimhse ó 1 uair an chloig roimh an am teachta measta go dtí 1 uair an chloig tar éis sin, nó ar feadh na tréimhse ón am imeachta iarbhír go dtí 1 uair an chloig tar éis an ama teachta mheasta, cibé tréimhse acu is giorra, go mbeidh síleáil 1 000 troigh ar a laghad os cionn an DH/MDH ann le haghaidh IAP a bheidh ar fáil, chomh maith le léargas 3 000 m ar a laghad.

NCO.OP.142 Aeradróim mhalartacha cinn scríbe — oibríochtaí ascnaimh uirlisí

Ní roghnóidh an píolóta i gceannas aeradróm mar aeradróm malartach cinn scríbe ach amháin más rud é:

(a) go bhfuil IAP nach mbraitheann ar GNSS ar fáil ag an aeradróm cinn scríbe nó ag aeradróm malartach cinn scríbe, sin nó

(b) go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(1) tá acmhainn SBAS ag an trealamh GNSS;

(2) tá an t-aeradróm cinn scríbe, aon aeradróm malartach cinn scríbe, agus an bealach eatarthu laistigh de limistéar seirbhíse SBAS;

(3) tuartar go mbeidh ABAS le fáil i gcás nach mbeidh fáil ar SBAS agus nach mbeidh coinne leis sin;

(4) roghnaítear IAP (ag ceann scríbe nó ag aeradróm malartach cinn scríbe) nach mbraitheann ar SBAS;

(5) trí ghníomh teagmhasach iomchuí féadfar an eitilt a chur i gcrích go sábháilte i gcás nach mbeidh fáil ar GNSS.”

(f) cuirtear na pointí NCO.OP.143 agus NCO.OP.144 seo a leanas isteach:

"**NCO.OP.143 Íosdálaí pleanála le haghaidh aeradróm malartach cinn scríbe — eitleáin**

Ní shonrófar aeradróm mar aeradróm malartach cinn scríbe ach amháin más léir ón bhfaisnéis mheitéareolaíochta reatha a bheidh ar fáil gurb ann don mhéid seo a leanas ar feadh na tréimhse ó 1 uair an chloig roimh an am teachta measta go dtí 1 uair an chloig tar éis sin, nó ón am imeachta iarbhír go dtí 1 uair an chloig tar éis an ama teachta mheasta, cibé acu tréimhse is giorra:

(a) i gcás aeradróm malartach dá bhfuil oibríocht ascnaimh uirlisí ar fáil agus nuair is lú ná 250 troigh an DH,

(1) síleáil 200 troigh ar a laghad níos airde ná an airde tráth cinnidh (DH) nó an íosairde ísliúcháin os cionn na talún (MDH) a bhaineann leis an oibríocht ascnaimh uirlisí; agus

(2) léargas nach lú ná 1 500 m; nó

(b) i gcás aeradróm malartach ag a bhfuil oibríocht ascnaimh uirlisí agus DH nó MDH 250 troigh nó níos airde,

(1) síleáil 400 troigh ar a laghad os cionn an DH nó an MDH a bhaineann leis an oibríocht ascnaimh uirlisí; agus

(2) léargas nach lú ná 3 000 m; nó

(c) i gcás aeradróm malartach gan IAP,

(1) síleáil nach ísle ná 2 000 troigh nó an íosairde shábháilte IFR, cibé acu is airde; agus

(2) léargas nach lú ná 5 000 m."

NCO.OP.144 Íosdálaí pleanála le haghaidh aeradróm malartach cinn scríbe — héileacaptair

Ní shonrófar aeradróm mar aeradróm malartach cinn scríbe ach amháin más léir ón bhfaisnéis mheitéareolaíochta reatha a bheidh ar fáil gurb ann don mhéid seo a leanas ar feadh na tréimhse ó 1 uair an chloig roimh an am teachta measta go dtí 1 uair an chloig tar éis sin, nó ón am imeachta iarbhír go dtí 1 uair an chloig tar éis an ama teachta mheasta, cibé acu tréimhse is giorra,

(a) i gcás aeradróm malartach ag a bhfuil IAP:

(1) síleáil 200 troigh ar a laghad os cionn an DH nó an MDH a bhaineann leis an IAP, agus

(2) léargas 1 500 m, ar a laghad, de lá nó 3 000 m, ar a laghad, d'oíche; nó

(b) i gcás aeradróm malartach gan IAP:

(1) síleáil nach ísle ná 2 000 troigh nó an íosairde shábháilte IFR, cibé acu is airde; agus

(2) léargas 1 500 m ar a laghad, de lá nó 3 000 m, ar a laghad, d'oíche."

(g) i bpointe NCO.OP.160, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

"(a) Ní chuirfidh an píolóta i gceannas tús le heitilt VFR ná ní leanfaidh d'eitilt VFR ach amháin más léir ón bhfaisnéis mheitéareolaíochta is déanaí a bheidh ar fáil gur ar aon dul leis na híosdálaí oibriúcháin VFR infheidhme, nó ar dhul is fearr ná sin, a bheidh na dálaí meitéareolaíochta ar feadh an bhealaigh agus ag an gceann scríbe beartaithe ag an am úsáidte measta.

(b) Ní chuirfidh an píolóta i gceannas tús le heitilt IFR ná ní leanfaidh d'eitilt IFR ionsar an aeradróm cinn scríbe beartaithe ach amháin más léir ón bhfaisnéis mheitéareolaíochta is déanaí a bheidh ar fáil gurb é mar a bheidh, ag an am teachta measta, gur ar aon dul leis na híosdálaí oibriúcháin aeradróim infheidhme, nó ar dhul is fearr ná sin, a bheidh na dálaí meitéareolaíochta ag an gceann scríbe nó ag aeradróm malartach cinn scríbe amháin ar a laghad.";

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCO.OP.175:

"**NCO.OP.175 Dálaí éirí de thalamh — eitleáin agus héileacaptair**

Sula gcuirfidh an píolóta i gceannas tús leis an éirí de thalamh, ní mór dó a bheith sásta:

(a) de réir na faisnéise atá ar fáil, nach gcuirfidh na dálaí meitéareolaíochta ag an aeradróm nó ag an láithreán oibriúcháin ná staid an rúidbhealaigh/FATO is beartaithe a úsáid cosc ar éirí de thalamh agus imeacht a dhéanamh go sábháilte; agus

(b) go bhfuil íosdálaí oibriúcháin an aeradróim atá roghnaithe comhsheasmhach leis an méid seo a leanas ar fad:

(1) an trealamh talún atá in úsáid;

(2) na córais aerárthach atá in úsáid;

(3) feidhmíocht an aerárthaigh;

(4) cáilíochtaí na foirne eitilte.";

(i) cuirtear an méid a leanas in ionad phointí NCO.OP.205 agus NCO.OP.206:

"NCO.OP.205 Dálaí ascnaimh agus tuirlingthe — eitleáin

Sula gcuirfidh an píolóta i gceannas tús le hascnamh tuirlingthe, ní mór dó bheith sásta:

(a) de réir na faisnéise atá ar fáil, nach gcuirfidh na dálaí meitéareolaíochta ag an aeradróm nó ag an láithreán oibriúcháin ná staid an rúidbhealaigh/FATO is beartaithe a úsáid cosc ar éirí de thalamh agus imeacht a dhéanamh go sábháilte; agus

(b) go bhfuil íosdálaí oibriúcháin an aeradróim atá roghnaithe comhsheasmhach leis an méid seo a leanas uile:

(1) an trealamh talún atá in úsáid;

(2) na córais aerárthach atá in úsáid;

(3) feidhmíocht an aerárthaigh, agus

(4) cáilíochtaí na foirne eitilte."

NCO.OP.206 Coinníollacha ascnaimh agus tuirlingthe — héileacaptair

Sula gcuirfidh an píolóta i gceannas tús le hascnamh tuirlingthe, ní mór dó bheith sásta:

(a) de réir na faisnéise atá ar fáil, nach gcuirfidh na dálaí meitéareolaíochta ag an aeradróm nó ag an láithreán oibriúcháin ná staid an rúidbhealaigh/FATO is beartaithe a úsáid cosc ar éirí de thalamh agus imeacht a dhéanamh go sábháilte; agus

(b) go bhfuil íosdálaí oibriúcháin an aeradróim atá roghnaithe comhsheasmhach leis an méid seo a leanas ar fad:

(1) an trealamh talún atá in úsáid;

(2) na córais aerárthach atá in úsáid;

(3) feidhmíocht an aerárthaigh;

(4) cáilíochtaí na foirne eitilte."

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe NCO.OP.210:

"NCO.OP.210 Tosú agus leanúint an ascnaimh — eitleáin agus héileacaptair

(a) Más lú ná 550 m (nó ná aon luach níos lú ná sin a shuitear i gcomhréir le formheas de réir SPA.LVO) an RVR rialaithe le haghaidh an rúidbhealaigh a úsáidfear sa tuirlingt, ní leanfar d'oibríocht ascnaimh uirlisí:

(1) thar phointe ag a bhfuil an t-aerárthach 1 000 troigh os cionn airde an aeradróim; ná

(2) isteach i ndeighleog an ascnaimh deiridh, más airde ná 1 000 troigh an DH nó an MDH.

(b) Mura suífear an amharcthagairt is gá, cuirfear ascnamh iomraill i bhfeidhm ag an DA/H nó ag an MDA/H, nó roimhe sin.

(c) Mura gcoimeádfar an radharc ar an amharcthagairt is gá i ndiaidh an DA/H nó an MDA/H, cuirfear dul timpeall i bhfeidhm go pras.".

(8) Leasaítear Iarscríbhinn VIII mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe SPO.OP.101 seo a leanas isteach:

"**SPO.OP.101 Seiceáil agus socruithe an airdemhéadair**

(a) Bunóidh an t-oibreoir nósanna imeachta um sheiceáil an airdemhéadair roimh gach imeacht.

(b) Bunóidh an t-oibreoir nósanna imeachta um shocruithe an airdemhéadair le haghaidh gach céime den eitilt agus cuirfear san áireamh sna nósanna imeachta sin na nósanna imeachta arna mbunú ag Stát an aeradróim nó Stát an aerspáis, más infheidhme.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SPO.OP.110:

"**SPO.OP.110 Íosdálaí oibriúcháin aeradróim — eitleáin agus héileacaptair**

(a) Bunóidh an t-oibreoir íosdálaí oibriúcháin aeradróim le haghaidh gach aeradróim imeachta, cinn scríbe nó mhalartaigh a bheartaítear a úsáid chun deighilt an aerárthaigh ón tír-raon agus ó chonstaicí a áirithiú agus chun an riosca a mhaolú go gcaillfí amharcthagairtí le linn dheighleog amharceitilte na n-oibríochtaí ascnaimh le huirlisí.

(b) Cuirfear gach ceann de na heilimintí seo a leanas san áireamh sa mhodh a úsáidfear chun íosdálaí oibriúcháin aeradróim a bhunú:

(1) cineál, feidhmíocht agus saintréithe ionramhála an aerárthaigh;

(2) an trealamh atá ar fáil ar an aerárthach chun críocha na loingseoireachta, aimsiú na n-amharcthagairtí, agus/nó rialú an ruthaig eitilte le linn éirí de thalamh, ascnaimh, tuirlingthe, agus ascnamh iomraill;

(3) aon choinníollacha nó teorainneacha a luaitear i lámhleabhar eitilte an aerárthaigh (AFM);

(4) toisí agus saintréithe na rúidbhealaí/na limistéar ascnaimh deiridh agus éirithe de thalamh (FATOnna) a d'fhéadfaí a roghnú lena n-úsáid;

(5) leoroiriúnacht agus feidhmíocht na n-áiseanna amhairc agus neamhamhairc agus an bhonneagair atá ar fáil;

(6) an airde glanta constaicí ó leibhéal na mara/na talún (OCA/H) le haghaidh na nósanna imeachta ascnaimh le huirlisí (IAPanna);

(7) na constaicí sna limistéir dhreaptha agus na lamháltais glanspáis is gá;

(8) aon saintréith neamhchaighdeánach de chuid an aeradróim, an IAP nó na timpeallachta áitiúla;

(9) comhdhéanamh na foirne eitilte, a n-inniúlacht agus a gcuid taithí;

(10) an IAP;

(11) saintréithe an aeradróim agus na seirbhísí aerloingseoireachta (ANS) atá ar fáil;

(12) aon íosdálaí a fhógróidh Stát an aeradróim;

(13) na coinníollacha a leagtar síos in aon fhormheas sonrach le haghaidh oibríochtaí drochléargais (LVOnna) nó le haghaidh oibríochtaí faoi chreidmheasanna oibríochtúla; agus

(14) an taithí oibríochtúil ábhartha atá ag an oibreoir.

(c) Sonróidh an t-oibreoir modh lena gcinnfear na híosdálaí oibriúcháin aeradróim sa lámhleabhar oibríochta.";

(c) scriostar pointe SPO.OP.111;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SPO.OP.112:

"**SPO.OP.112 Íosdálaí oibriúcháin aeradróim — oibríochtaí ciorclaithe i gcás eitleán**

(a) Ní bheidh an íosairde ísliúcháin os cionn na talún (MDH) le haghaidh oibríocht ascnaimh ciorclaithe i gcás eitleán níos lú ná an ceann is airde díobh seo a leanas:

(1) an OCH ciorclaithe a foilsíodh le haghaidh chatagóir an eitleáin;

(2) an íosairde ciorclaithe arna dhíorthú ó Thábla 1; nó

(3) an airde tráth cinnidh (DH)/MDH a bhaineann leis an IAP a úsáideadh roimhe sin.

(b) Is é an t-íosléargas le haghaidh oibríocht ascnaimh ciorclaithe i gcás eitleán an ceann is airde díobh seo a leanas:

(1) an léargas ciorclaithe le haghaidh chatagóir an eitleáin, má foilsíodh sin; nó

(2) an t-íosléargas arna dhíorthú ó Thábla 1.

Tábla 1

MDH agus íosléargas ciorclaithe de réir catagóir eitleáin

	Catagóir an eitleáin			
	A	B	C	D
MDH (troithe)	400	500	600	700
Íosléargas (m)	1 500	1 600	2 400	3 600”;

(e) i bpointe SPO.OP.140, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

“(b) Sula gcuirfidh an píolóta i gceannas tús le heitilt, beidh sé eolach ar an bhfaisnéis mheitéareolaíochta uile a bheidh ar fáil agus a bhaineann leis an eitilt atá beartaithe. Cuimseoidh an t-ullmhúchán le haghaidh eitilt ó chóngar na háite imeachta, agus le haghaidh gach eitilte faoi IFR, an méid seo a leanas:

(1) staidéar ar na tuarascálacha agus na réamhaisnéisí meitéareolaíochta reatha a bheidh ar fáil; agus

(2) plean gníomhaíochta malartach a ullmhú faoi chomhair an cháis nach féidir an eitilt a chur i gcrích mar a bhí beartaithe, de dheasca dálaí meitéareolaíochta.”;

(f) cuirtear na pointí SPO.OP.143 agus SPO.OP.144 seo a leanas isteach:

“SPO.OP.143 Íosdálaí pleanála le haghaidh aeradróim mhalartacha cinn scríbe — eitleáin

Ní shonrófar aeradróm mar aeradróm malartach cinn scríbe ach amháin más léir ón bhfaisnéis mheitéareolaíochta reatha a bheidh ar fáil gurb ann do na dálaí seo a leanas ar feadh na tréimhse ó 1 uair an chloig roimh an am teachta measta go dtí 1 uair an chloig dá éis sin, nó ón am imeachta iarbhír go dtí 1 uair an chloig tar éis an ama teachta measta, cibé acu tréimhse is giorra,

(a) i gcás aeradróm malartach mar a bhfuil oibríocht ascnaimh uirlisí ar fáil agus an DH níos ísle ná 250 troigh,

(1) síleáil 200 troigh ar a laghad os cionn an DH nó an MDH a bhaineann leis an oibríocht ascnaimh uirlisí; agus

(2) an luach is airde den dá luach seo a leanas, ar a laghad, a bheith ann mar léargas: 1 500 m nó 800 m níos mó ná íosdálaí RVR/léargas na hoibríochta ascnaimh uirlisí; nó

(b) i gcás aeradróm malartach ag a bhfuil oibríocht ascnaimh uirlisí agus DH nó MDH 250 troigh nó níos mó ná sin aici,

(1) síleáil 400 troigh ar a laghad os cionn an DH nó an MDH a bhaineann leis an oibríocht ascnaimh uirlisí; agus

(2) léargas 3 000 m ar a laghad; nó

(c) i gcás aeradróm malartach gan nós imeachta ascnaimh uirlisí,

(1) an luach is airde den dá luach seo a leanas, ar a laghad, a bheith ann mar shíleáil: 2 000 troigh nó an íosairde shábháilte IFR; agus

(2) léargas 5 000 m ar a laghad.”

“SPO.OP.144 Íosdálaí pleanála le haghaidh aeradróim mhalartacha cinn scríbe — eitleáin

Ní shonrófar aeradróm mar aeradróm malartach cinn scríbe ach amháin más léir ón bhfaisnéis mheitéareolaíochta reatha a bheidh ar fáil gurb ann do na dálaí seo a leanas ar feadh na tréimhse ó 1 uair an chloig roimh an am teachta measta go dtí 1 uair an chloig dá éis sin, nó ón am imeachta iarbhír go dtí 1 uair an chloig tar éis an ama teachta measta, cibé acu tréimhse is giorra,

(a) i gcás aeradróm malartach ag a bhfuil IAP:

(1) síleáil 200 troigh ar a laghad os cionn an DH nó an MDH a bhaineann leis an oibríocht ascnaimh uirlisí; agus

(2) léargas 1 500 m, ar a laghad, de lá nó 3 000 m, ar a laghad, d’oíche; nó”

(b) i gcás aeradróm malartach ag a bhfuil IAP:

(1) an luach is airde den dá luach seo a leanas, ar a laghad, a bheith ann mar shíleáil: 2 000 troigh nó an íosairde shábháilte IFR; agus

(2) léargas 1 500 m, ar a laghad, de lá nó 3 000 m, ar a laghad, d'oíche;

(g) i bpointe SPO.OP.145, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) I gcás eitiltí IFR, más amhlaidh atá na dálaí meitéareolaíochta ag an aeradróm imeachta ar aon dul leis na híosdálaí oibriúcháin aeradróim infheidhme nó ar dhul is measa ná sin, nó murarbh fhéidir ar chúiseanna eile filleadh ar an aeradróm imeachta, sonróidh an píolóta i gceannas, sa phlean eitilte, aeradróm malartach éirí de thalamh amháin ar a laghad a bheidh inúsáidte de réir na haimsire.";

(h) i bpointe SPO.OP.170, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

"(a) Ní chuirfidh an píolóta i gceannas tús le heitilt VFR ná ní leanfaidh d'eitilt VFR ach amháin más léir ón bhfaisnéis mheitéareolaíochta is déanaí a bheidh ar fáil gur ar aon dul leis na híosdálaí oibriúcháin VFR infheidhme, nó ar dhul is fearr ná sin, a bheidh na dálaí meitéareolaíochta ar feadh an bhealaigh agus ag an gceann scríbe beartaithe ag an am úsáidte measta.

(b) Ní chuirfidh an píolóta i gceannas tús le heitilt IFR ná ní leanfaidh d'eitilt IFR ionsar an aeradróm cinn scríbe beartaithe ach amháin más léir ón bhfaisnéis mheitéareolaíochta is déanaí a bheidh ar fáil gurb é mar a bheidh, ag an am teachta measta, gur ar aon dul leis na híosdálaí oibriúcháin aeradróim infheidhme, nó ar dhul is fearr ná sin, a bheidh na dálaí meitéareolaíochta ag an gceann scríbe nó ag aeradróm malartach cinn scríbe amháin ar a laghad.";

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SPO.OP.180:

"SPO.OP.180 Dálaí éirí de thalamh — eitleáin agus héileacaptair

Sula gcuirfidh an píolóta i gceannas tús leis an éirí de thalamh, ní mór dó bheith sásta:

(a) de réir na faisnéise atá ar fáil, nach gcuirfidh na dálaí meitéareolaíochta ag an aeradróm nó ag an láithreán oibriúcháin ná staid an rúidbhealaigh/FATO is beartaithe a úsáid cosc ar éirí de thalamh agus imeacht a dhéanamh go sábháilte; agus

(b) go bhfuil íosdálaí oibriúcháin an aeradróim atá roghnaithe comhsheasmhach leis an méid seo a leanas ar fad:

(1) an trealamh talún atá in úsáid;

(2) na córais aerárthach atá in úsáid;

(3) feidhmíocht an aerárthaigh;

(4) cáilíochtaí na foirne eitilte.";

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SPO.OP.210:

"SPO.OP.210 Dálaí ascnaimh agus tuirlingthe — eitleáin agus héileacaptair

Sula gcuirfidh an píolóta i gceannas tús le hascnamh tuirlingthe, ní mór dó bheith sásta:

(a) ag féachaint don fhaisnéis um fheidhmíocht atá sa lámhleabhar oibríochta, ní mór dó a bheith sásta nach gcuirfidh na dálaí meitéareolaíochta ag an aeradróm nó ag an láithreán oibriúcháin, ná staid an rúidbhealaigh/FATO is beartaithe a úsáid, cosc ar ascnamh, tuirlingt nó dul timpeall a dhéanamh go sábháilte; agus

(b) go bhfuil íosdálaí oibriúcháin an aeradróim atá roghnaithe comhsheasmhach leis an méid seo a leanas ar fad:

(1) an trealamh talún atá in úsáid;

(2) na córais aerárthach atá in úsáid;

(3) feidhmíocht an aerárthaigh;

(4) cáilíochtaí na foirne eitilte.";

(k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SPO.OP.215:

"**SPO.OP.215 Tosú agus leanúint an ascnaimh**

(a) I gcás na n-eitleán, más lú an léargas (VIS) a thuairiscítear maidir leis an rúidbhealach atá le húsáid sa tuirlingt, nó RVR rialaithe an rúidbhealaigh sin, ná an íosdáil infheidhme, ní leanfar d'oibríocht ascnaimh uirlisí:

(1) thar phointe ag a bhfuil an t-eitleán 1 000 troigh os cionn airde an aeradróim; nó

(2) isteach i ndeighleog an ascnaimh deiridh, más airde ná 1 000 troigh an DH nó an MDH.

(b) I gcás na héileacaptar, más lú ná 550 m an RVR a thuairiscítear agus más lú ná an íosdáil infheidhme RVR rialaithe an rúidbhealaigh atá le húsáid sa tuirlingt, ní leanfar d'oibríocht ascnaimh uirlisí:

(1) thar phointe ag a bhfuil an héileacaptar 1 000 troigh os cionn airde an aeradróim; nó

(2) isteach sa FAS, más airde ná 1 000 troigh an DH nó an MDH.

(c) Mura suífear an amharcthagairt is gá, cuirfear ascnamh iomraill i bhfeidhm ag an DA/H nó ag an MDA/H, nó roimhe sin.

(d) Mura gcoimeádfar an amharcthagairt is gá tar éis an DA/H nó an MDA/H, cuirfear dul timpeall i bhfeidhm go pras..

(e) D'ainneoin phointe (a), más amhlaidh nach dtuairiscítear aon RVR, agus más lú an VIS a thuairiscítear ná an íosdáil infheidhme, ach más mó an léargas meitéareolaíochta tiontaithe (CMV) ná an íosdáil infheidhme, féadfar leanúint den ascnamh uirlisí go dtí an DA/H nó an MDA/H.

(f) D'ainneoin phointí (a) agus (b), más rud é nach bhfuil sé ar intinn ar aon chor tuirlingt, féadfar leanúint den ascnamh uirlisí go dtí an DA/H nó an MDA/H. Cuirfear ascnamh iomraill i bhfeidhm ag an DA/H nó ag an MDA/H, nó roimhe sin.";

(l) cuirtear an pointe SPO.OP.235 seo a leanas isteach:

"SPO.OP.235 Oibríochtaí EFVS 200

(a) Aon oibreoir a bheartóidh oibríochtaí EFVS 200 a dhéanamh faoi chreidmheasanna oibríochtúla agus gan formheas sonrach, áiritheoidh sé an méid seo a leanas:

(1) go bhfuil an t-aerárthach deimhnithe le haghaidh na n-oibríochtaí a bheartaítear;

(2) nach n-úsáidtear ach rúidbhealaigh, FATOnna agus IPAnna atá oiriúnach d'oibríochtaí EFVS;

(3) go bhfuil an fhoireann eitilte inniúil ar an oibríocht a bheartaítear agus go bhfuil clár oiliúna agus seiceála bunaithe le haghaidh bhaill na foirne eitilte agus le haghaidh an phearsanra ábhartha a mbeidh baint acu le hullmhú na heitilte;

(4) go mbunaítear nósanna imeachta oibríochta;

(5) go ndéantar doiciméadú sa liosta de threalamh íosta (MEL) ar aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar;

(6) go ndéantar doiciméadú sa chlár cothabhála ar aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar;

(7) go ndéantar measúnuithe sábháilteachta agus go mbunaítear táscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar leibhéal sábháilteachta na hoibríochta; agus

(8) go dtugtar acmhainneacht an chórais atá in úsáid san áireamh sna híosdálaí oibriúcháin aeradróim.

(b) Ní dhéanfaidh an t-oibreoir oibríochtaí EFVS 200 agus oibríochtaí LVO á ndéanamh aige.

(c) D'ainneoin phointe (a)(1), féadfaidh an t-oibreoir úsáid a bhaint as EVSanna a chomhlíonann na híoschritéir le haghaidh oibríochtaí EFVS 200, ar choinníoll go mbeidh formheas tugtha dó sin ag an údarás inniúil.".